DEPARTMENT OF FOREIGN AFFAIRS
AN ROINN GNOTHAI EACHTRACHA

An Roinn Gnóthaí Eachtracha

Ráiteas Straitéise

2008-2010

Ráiteas Misin

Is é misean na Roinne Gnóthaí Eachtracha ná

- luachanna agus leas na hÉireann a chur ar aghaidh laistigh den Eoraip agus i ndomhan atá ag athrú;
- síocháin, cearta daonna, riail an dlí agus forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn go hidirnáisiúnta;
- ár saoránaigh thar lear a chosaint; agus
- tacú le hathmhuintearas buan ar an oileán seo.

Clár na n-Ábhar

RÉAMHFHOCAL ÓN AIRE GNÓTHAÍ EACHTRACHA 3

RÉAMHRÁ ÓN ARD-RÚNAÍ 6

CUSPÓIRÍ ARD-LEIBHÉIL 7

CUID I : RÉAMHRÁ 8

CUID II: CUSPÓIRÍ, STRAITÉISÍ AGUS TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA 12

CUID III: CUR I BHFEIDHM/ SEACHADADH 35

IARSCRÍBHINN : CEISTEANNA TRAS-RANNA 40

Réamhfhocal ón Aire Gnóthaí Eachtracha, an tUasal Micheál Martin, T.D.

Leagann an Ráiteas Straitéise seo amach na Cuspóirí Ardleibhéil don Roinn Gnóthaí Eachtracha, chomh maith leis na straitéisí a úsáidfimid le dul chun cinn a dhéanamh i dtreo na gcuspóirí seo.

Tá an téacs soiléir agus soléite araon, dar liom. Tríd an méid a dhéanfaimid a leagan amach go soiléir, táimid in ann oibriú le saoránaigh na hÉireann, agus ar a son. Tá inrochtaineacht den sórt sin ar shaoránaigh riachtanach d'fheidhmiú cuí Roinne Rialtais ar bith.

Bíonn an timpeallacht ina n-oibríonn an Roinn i gcónaí ag athrú. Téann fachtóirí seachtracha i bhfeidhm orainne níos mó ná aon Roinn eile b'fhéidir agus bíonn orainn athrú de réir na timpeallachta athraithí sin, le gur féidir linn leanúint orainn ag freastal ar leas shaoránaigh na hÉireann, agus ghnóthaí na hÉireann.

I dtimpeallacht atá ag athrú chomh tapa sin, tá orainn fanacht dílis do ghnéithe lárnacha ár mbeartais eachtraigh: cearta daonna a chur chun cinn agus a chosaint, díospóidí a réiteach go síochánta agus riail an dlí a chur chun cinn. Mar thír bheag, is féidir linn an tionchar is mó a bheith againn sna réimsí seo trí mheán na Náisiún Aontaithe agus an Aontais Eorpaigh.

Is é atá uainn ná Náisiúin Aontaithe láidir, a dtugann a chuid ball tacaíocht dó agus é ag comhlíonadh na dtascanna a leag na baill chéanna air. Cé gur chonacthas roinnt dul chun cinn i leasú na NA le blianta beaga anuas, obair ar láimh atá inti fós. Beidh Éire fós chun tosaigh sa phróiseas leasaithe.

Tá staid na hÉireann laistigh den Aontas Eorpach ag athrú, de bharr ár ratha féin agus de bharr dhinimic athraithe an Aontais mhéadaithe. Tá sé ríthábhachtach go mbeadh an tAontas éifeachtach agus ag feidhmiú go maith le gur féidir ár gcuspóirí a chomhlíonadh sa bhaile agus go hidirnáisiúnta. Rinne mé féin agus mo chomh-airí argóint láidir le haghaidh vóta i bhfabhar an chonartha sa reifreann ar Chonradh Liospóin. Caithfimid anois, dar ndóigh, urraim a thabhairt don toradh. Caithfimid oibriú ar son bealach ar aghaidh a choinníonn Éire i gcroílár na hEorpa agus mar sin a chosnaíonn ár leasanna riachtanacha. Beidh ról criticiúil ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha maidir leis seo.

Beidh ról riachtanach ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha, i dtimpeallacht dhomhandaithe idirnáisiúnta, ó thaobh feasacht ar Éirinn mar ionad d'infheistíocht isteach a mhéadú agus ó thaobh margaí a lorg le haghaidh earraí agus seirbhísí na hÉireann. Déanfaimid obair dhian ar son na leasanna sin, lena n-áireofar tríd ár líonra de mhisin taidhleoireachta agus trí chuairteanna ardleibhéil isteach is amach ón tír a eagrú.

Tá síocháin a dhaingniú ar an oileán seo agus leanúint ar aghaidh le caidrimh a neartú idir an Tuaisceart agus an Deisceart, chomh maith le idir chomhphobail, fós ina phríomhchuspóir don Roinn. Leis an dul chun cinn ábhalmhór a rinneadh le blianta beaga anuas, tá deiseanna nua ann do chomhoibriú a mbainfidh an dá chuid den oileán seo tairbhe astu. Tá dúshláin mhóra fós ann áfach, mar sheicteachas leantach agus iarmhairt an ama atá thart. Is é Comhaontú Aoine an Chéasta a thabharfaidh treoir dár gcuid oibre sna réimsí sin go léir.

Táimid tar éis tosú ar rannpháirteachas ar leith ag Éirinn i réiteach coinbhleachta a fhorbairt, agus muid ag baint úsáide i bpáirt as ár dtaithí féin ar an oileán seo. Tá a fhios agam go mbeidh am agus infheistiú acmhainní riachtanach chun torthaí buana a bhaint amach. Forbróimid ár gcumais sa réimse seo, ag baint úsáide as an raon iomlán d'ionstraimí atá ar fáil dúinn, ionstraimí taidhleoireachta agus cúnaimh san áireamh.

Níos luaithe i mbliana, i mBaile Átha Cliath, thángthas ar chomhaontú faoin gcéad ionstraim idirnáisiúnta riamh le cosc a chur ar chnuas-mhuinisin. Is é an dúshlán anois ná cur leis an gcéim mhór chun cinn seo, trí dhaingniú luath agus chur i bhfeidhm an Choinbhinsiúin.

Tá clár Chúnamh na hÉireann ina chuid lárnach de bheartas eachtrach na hÉireann. I Meán Fómhair 2006, d'fhoilsíomar Páipéar Bán ar Chúnamh na hÉireann, a leagann amach ár dtosaíochtaí agus a chuireann slat tomhais ar fáil ar féidir ár gcuid iarrachtaí a thomhas ina choinne.

Cinnteoimid go gcoimeádfaidh clár Chúnamh na hÉireann an clú atá air mar cheann de na cláir cúnaimh oifigiúil is fearr ar domhan. Ina theannta sin, mar fhreagra ar na hábhair imní a cuireadh in iúl dúinn le linn an chomhairliúcháin phoiblí ar an bPáipéar Bán, déanfaimid iarracht bhreise pobal na hÉireann a chur ar an eolas faoin dea-obair atá á déanamh ar a son, agus lena gcuid airgid.

Ábhar tosaíochta domsa go háirithe is ea tacaíocht a thabhairt do shaoránaigh na hÉireann thar lear agus iad a chosaint. In Iúil 2006, d'eagraigh an Roinn saoránaigh na hÉireann a aistriú amach ó ghéarchéim sa Liobáin. Tá na córais agus na struchtúir bunaithe againn anois le cinntiú go dtabharfar freagra chomh héifeachtúil céanna ar ghéarchéimeanna consalacha eile amach anseo. Ar bhonn lá go chéile déanfaimid athbhreithniú i gcónaí ar ár gcuid próiseas agus déanfaimid iad a nuashonrú le go leanfaimid orainn ag soláthar seirbhíse den chéad scoth don phobal taistil.

I dtimpeallacht idirnáisiúnta a bhíonn ag athrú i gcónaí, ní mór dúinn a bheith solúbtha agus aclaí mar Roinn agus mar Stát, le dul i ngleic le dúshláin nua agus deiseanna nua a thapú. Tá sé tábhachtach go dtugaimid ár ndúshlán féin ar an mbealach sin le go leanfaimid orainn ag soláthar na seirbhíse is fearr agus is féidir d'íocóirí cánach na hÉireann.

Mar Aire Gnóthaí Eachtracha, tá fúm an dul chun cinn atá déanta againn a neartú ar gach dóigh, chomh fada agus is féidir. Cheana féin, d'éirigh linn aontú a bhaint amach faoin gcéad ionstraim idirnáisiúnta chun lón cogaidh chnuasbhuamaí, nó cluster bombs i mBéarla, a chosc ag cruinniú i bPáirc an Chrócaigh a bhailigh breis is céad tír le chéile. Ba mhaith liom an dul chun cinn céanna a fheiceáil i ngnéithe eile de bheartas eachtrach an phobail, agus déanfaidh mé mo dhícheall pearsanta, le cuidiú ó Dick Roche, Peter Power agus ón Roinn anseo, é seo a chur i gcrích.

Micheál Martin T.D.
An tAire Gnóthaí Eachtracha

Réamhrá ón Ard-Rúnaí

Is é atá inár Ráiteas Straitéise ná treoir dár gclár oibre do na trí bliana amach romhainn do shaoránaigh agus do bhreathnóirí seachtracha. Is treoir é chomh maith dóibh siúd againn atá ag obair sa Roinn; leagaimid amach spriocanna soiléire dár gcuid oibre inti agus léirímid na bealaí a leanfaimid chun na spriocanna sin a bhaint amach.

Ar roinnt bealaí, tréimhse an-ghearr i saol Roinne Rialtais atá i dtrí bliana. Is féidir mórán a bhaint amach le huaillmhian agus le hiarracht, áfach. San áireamh ar na héachtaí suntasacha don Roinn thar na trí bliana seo a chuaigh thart tá:

- Dul chun cinn polaitiúil a chur ar aghaidh i dTuaisceart Éireann, a leag amach an bealach le hinstitiúidí Chomhaontú Aoine an Chéasta a chur ar ais ag obair.
- Páipéar Bán ar Chúnamh na hÉireann a fhoilsiú.
- Ceann de na pasanna is forbartha ar domhan a fhorbairt, mar chuid dár n-iarrachtaí leanúnacha feabhas a chur ar sheirbhísí do shaoránaigh na hÉireann atá ag taisteal thar lear.
- Aonad Réitigh Choinbhleachta a bhunú sa Roinn.

I dteannta na ngníomhaíochtaí beartaithe sin a thabhairt chun saoil, bhí orainn freisin freagairt do rudaí nach raibh coinne leo.

Mar shampla, thugamar freagra tapa agus éifeachtach ar Shúnámaí na hÁise, maidir lenár dtacaíocht do shaoránaigh na hÉireann agus ár gcúnamh dóibh siúd a raibh gá acu leis. Freisin forbraíodh cumas feabhsaithe freagartha do mhór-éigeandálacha daonnúla dá bharr.

I ndéileáil leis an rud a raibh coinne leis agus an rud nach raibh coinne leis, leag ár gcuid éachtaí amach bealach dúinn le dul i ngleic le dúshláin nua agus tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh amach anseo. Leagann an Ráiteas Straitéise seo amach ár gcuid pleananna chuige sin.

Tá sé tábhachtach a rá nach mbímid ag obair inár n-aonar. Oibrímid le Ranna Rialtais eile, Gníomhaireachtaí Stáit eile agus eagraíochtaí neamhrialtasacha eile. Is acmhainn é ár líonra de mhisin taidhleoireachta thar lear don Rialtas ina iomláine, agus do shaoránaigh na hÉireann chomh maith.

Tá clár dúshlánach oibre do na blianta atá romhainn leagtha amach sa Ráiteas Straitéise. Cinnteoimid go mbeidh na daoine agus na córais ann leis an gclár sin a sheachadadh, agus úsáid éifeachtach agus éifeachtúil na n-acmhainní atá ar fáil dúinn á cinntiú. Is é an acmhainn is luachmhaire atá ag an Roinn ná a cuid daoine agus tacóimid lenár mbaill foirne agus iad ag forbairt a gcuid scileanna ar mhaithe lenár gcustaiméirí, muintir na hÉireann.

Obair chomhoibritheach a bhí in ullmhú an Ráitis Straitéise; tugadh le chéile daoine ó gach cuid den Roinn agus is mian liom buíochas a ghabháil leo as ucht a gcuid oibre déine.

Táim ag tnúth le bheith ag obair le mo chomhghleacaithe go léir agus lenár bpáirtithe taobh istigh agus taobh amuigh den chóras Rialtais, agus na sé chuspóir ardleibhéil a leagamar síos do na blianta atá romhainn á gcur chun cinn.

Dermot Gallagher
Ard-Rúnaí

CUSPÓIRÍ ARDLEIBHÉIL
2008 - 2010

I gcomhthéacs na gealltanais atá leagtha amach sa Chlár Comhaontaithe Rialtais (Meitheamh 2007) a chur i bhfeidhm, is iad Cuspóirí Ardleibhéil na Roinne le haghaidh na tréimhse 2008-2010 ná:

Cur le síocháin agus slándáil idirnáisiúnta, réiteach coinbhleachta, meas ar chearta daonna agus riail an dlí a chur chun cinn, agus tacú le comhstraitéisí éifeachtacha le dul i ngleic le dúshláin dhomhanda.	Cur i bhfeidhm iomlán Chomhaontú Aoine an Chéasta a chur chun cinn trí thacú le hoibriú éifeachtach a chuid institiúidí, comhoibriú Thuaidh/Theas a neartú agus oibriú i dtreo athmhuintearais bhuain.
Na gealltanais sa Pháipéar Bán ar Chúnamh na hÉireann a chomhlíonadh trí bhochtaineacht a laghdú, tacú le forbairt inbhuanaithe agus comhoibriú i dtaca le forbairt a chur chun cinn mar chuid lárnach de bheartas eachtrach na hÉireann.	Éire agus a caidreamh déthaobhach le tíortha eile a chur chun cinn, ár leas eacnamaíoch a chur ar aghaidh agus ár seasamh cultúrtha thar lear a fheabhsú.
Leas na hÉireann a bhaint amach san AE agus cur go hiomlán le forbairt an Aontais amach anseo.	Seirbhís ardchaighdeáin phas agus chonsalachta a chur ar fáil do shaoránaigh uile na hÉireann agus dlúthbhaint a bheith againn le hÉireannaigh thar lear.

Cuid 1

Réamhrá

Struchtúr an Ráitis Straitéise

Leagann an Ráiteas Straitéise seo amach tosaíochtaí straitéiseacha na Roinne Gnóthaí Eachtracha thar na chéad trí bliana eile, ag tógáil ar na gealltanais atá sa Chlár Comhaontaithe Rialtais.

- Cuireann Cuid 1 síos ar ár ról agus ar eagrú agus struchtúr na Roinne.
- Cuireann Cuid 2 i láthair ár sé Chuspóir Ardleibhéil (CAL) don tréimhse 2008-2010, agus an Clár Comhaontaithe Rialtais á chur san áireamh. Déantar gach CAL a athbhreithniú i gcomhthéacs na timpeallachta ina n-oibrímid agus i gcomhthéacs na ndúshlán agus na ndeiseanna aitheanta atá os comhair na Roinne ar feadh na tréimhse atá le teacht. Tá sainchuspóirí agus na straitéisí tacaíochta sainithe faoi gach CAL, chomh maith leis na saintáscairí feidhmíochta le hathbhreithnithe ar an dul chun cinn a baineadh amach a éascú.
- Cuireann Cuid 3 den Ráiteas seo síos ar an gcaoi a ndéanfaidh an Roinn a cuid acmhainní a bhainistiú agus a cumas a fhorbairt le linn na tréimhse seo le tacú le cur i bhfeidhm agus seachadadh ár gcuspóirí sonraithe.

Ról na Roinne

Tugann an Roinn comhairle don Aire Gnóthaí Eachtracha, don Aire Stáit um Ghnóthaí Eorpacha, don Aire Stáit um Chomhoibriú Forbartha agus don Rialtas ar gach gné de bheartas eachtrach. Ceapann agus comhordaíonn sí beartais AE na hÉireann agus a cuid freagraí ar fhorbairtí idirnáisiúnta; soláthraíonn sí comhairle agus tacaíocht ar gach ceist a bhaineann le Tuaisceart Éireann, le comhoibriú idir an Tuaisceart agus an Deisceart ar an oileán, agus le caidreamh na hÉireann leis an mBreatain; agus déanann sí clár cúnamh forbartha an Rialtais a riar. Tá an Roinn freagrach freisin as seirbhísí pas agus cúnamh consalachta a sholáthar do shaoránaigh na hÉireann thar lear.

Eagraíocht na Roinne

Is é an tArd-Rúnaí, faoi threoir pholaitiúil an Aire Gnóthaí Eachtracha, a bhainistíonn an Roinn; is é an tOifigeach Cuntasaíochta freisin é dá dhá vóta - Vóta 28 (Gnóthaí Eachtracha) agus Vóta 29 (Comhoibriú Forbartha). Tacaíonn Coiste Comhairleach Bainistíochta (CCB), atá comhdhéanta de Chinn na bPríomh-Rannóg sa Roinn, leis an Ard-Rúnaí.

Faoi láthair tá an Roinn comhdhéanta de dheich Rannóg ag an gceanncheathrú (CC) agus 75 oifig thaidhleoireachta agus chonsalachta thar lear (ar a dtugtar "Misin"), chomh maith le Rúnaíocht Idir-Rialtasach na Breataine-na hÉireann i mBéal Feirste agus Comhrúnaíocht na Comhairle Airí Thuaidh-Theas in Ard Mhacha.

Tá ceanncheathrú na Roinne suite ag Teach Iveagh, Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath. Ach tá an Stiúrthóireacht um Chomhoibriú Forbartha i mbun dílarú go Luimneach, agus tá Rannóga áirithe eile den Roinn lonnaithe in ionaid eile i lár Bhaile Átha Cliath. Tá ár n-Oifigí Pasanna suite i mBaile Átha Cliath, i mBaile Brigín agus i gCorcaigh.

Faoi láthair tá thart ar 1,260 ball foirne ag an Roinn, a bhfuil thart ar 900 acu lonnaithe in Éirinn agus thart ar 360 lonnaithe ag ár Misin thar lear ag aon uair faoi leith. Freisin fostaímid thart ar 300 ball foirne a earcaítear go háitiúil ag ár Misin thar lear.

An Roinn Thar Lear

Tá misin taidhleoireachta agus oifigí consalachta na hÉireann tiomanta do leas na hÉireann a shaothrú thar lear agus dá seasamh idirnáisiúnta a fheabhsú. Tá siad ina n-oifigí seachtracha de chuid an Stáit, ag cur chun cinn bheartais an Rialtais agus ag glacadh páirte in obair eagraíochtaí idirnáisiúnta.

Coimeádtar caidreamh taidhleoireachta le 167 tír san iomlán, trí mheán Ambasadóirí cónaitheacha nó neamhchónaitheacha. Faoi láthair tá líonra de 75 misean taidhleoireachta agus consalachta cónaithí againn thar lear atá comhdhéanta de:

- 57 Ambasáid
- Sé Mhisean iltaobhach (chuig an AE, na NA i Nua-Eabhrac agus sa Ghinéiv, an OSCE, an OECD agus UNESCO, Comhairle na hEorpa)
- Ocht nArd-Chonsalacht agus ceithre oifig eile.

Ina theannta sin tá líonra fairsing d'Ard-Chonsail Onóracha (21) agus Consail Onóracha (67) againn a sholáthraíonn cúnamh do shaoránaigh na hÉireann i 59 tír, i dteannta le Gníomhaire Consalachta Onórach i mBairéin.

Tá deis uathúil ag líonra mhisin taidhleoireachta agus chonsalachta na Roinne raon éagsúil d'fheidhmeanna ionadaíochta, cur chun cinn agus tuairiscithe a chomhlíonadh. Comhlíonann siad na feidhmeanna seo a leanas:

- Leas na hÉireann a chur i láthair agus a chur ar aghaidh i bhfóraim agus in eagraíochtaí iltaobhacha, lena n-áirítear an tAE agus na NA;
- caidreamh na hÉireann le rialtais ósta a dhoimhniú agus ár dtosaíochtaí agus ár gcuspóirí idirnáisiúnta a chur ar aghaidh;
- tuairisc a thabhairt ar fhorbairtí polaitiúla, eacnamaíochta, dlíthiúla, tráchtála agus, de réir mar is cuí, AE.
- leas eacnamaíoch na hÉireann a chur ar aghaidh trí oibriú le daoine eile sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha le trádáil agus turasóireacht a leathnú, agus le béim a leagan ar an tairbhe a bhaineann le hinfheistíocht isteach in Éirinn;
- maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm clár i dtíortha atá i mbéal a bhforbartha a mhaoiníonn clár forbartha coigríche an Rialtais, Cúnamh Éireann;
- cúnamh a sholáthar do shaoránaigh na hÉireann thar lear agus teagmháil le pobail Éireannacha a neartú; agus
- cultúr na hÉireann a chur chun cinn agus eolas ar Éirinn a scaipeadh.

www.DFA.ie agus www.irishaid.gov.ie

Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoi struchtúr agus obair na Roinne, lena n-áirítear sonraí teagmhála d'Ambasáidí agus Consalachtaí na hÉireann, ar ár láithreán gréasáin: www.dfa.ie. Soláthraíonn an láithreán gréasáin eolas sonrach agus cothrom le dáta ar an raon iomlán seirbhísí a sholáthraíonn an Roinn.

Tá faisnéis shonrach faoi chlár Chúnamh Éireann, arna bhainistiú ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha, le fáil ar www.irishaid.gov.ie.

Cairt Eagraíochta

An tUasal Micheál Martin T.D.

An tAire Gnóthaí Eachtracha

An tUasal Dick Roche T.D.

An tAire um Gnóthaí Eorpacha

An tUasal Mr. Peter Power T.D.

An tAire um Chomhoibriú Forbarha

An tUasal Dermot Gallagher

Ard-Rúnaí

An Roinn Angla-Éireannach

Ard-Stiúrthóir:

An tUasal Patrick Hennessy

An Roinn Seirbhísí Corparáideacha

Ceann na Seirbhísí Corparáideacha:

An tUasal Adrian O'Neill

An Roinn um Chomhoibriú Forbartha

Ard-Stiúrthóir:
An tUasal Ronan Murphy
Leas-Ard Stiúrthóir:
An tUasal Brendan Rogers

An Roinn Aontais Eorpaigh

Ard-Stiúrthóir:

An tUasal Dan Mulhall

An tAonad Cigireacha

Ard-Stiúrthóir:

An tUasal John Neary

An Roinn Dlí

Comhairleoir Dlí:

An tUasal Patricia O'Brien

An Roinn Pasanna agus Consalachta (lena n-áirítear an tAonad um Éireannaigh thar lear)

Ard-Stiúrthóir:
An tUasal Ray Bassett

An Roinn Polaitíochta

Stiúrthóir Polaitíochta:

An tUasal Rory Montgomery

An Roinn um Éire a Chur Chun Cinn Thar Lear

Ard-Stiúrthóir:

An tUasal Mary Whelan

An Roinn Prótacail

An Ceann Prótacail:

An tUasal Kathleen White

Cuid II

Cuspóirí, Straitéisí agus Táscairí Feidhmíochta

2008 - 2010

Cuspóir Ardleibhéil, 2008-2010:

Cur le síocháin agus slándáil idirnáisiúnta, réiteach coinbhleachta, meas ar chearta daonna agus riail an dlí a chur chun cinn, agus tacú le comhstraitéisí éifeachtacha le dul i ngleic le dúshláin dhomhanda.

Comhthéacs agus Timpeallacht

Tá beartas eachtrach na hÉireann bunaithe ar phrionsabail lárnacha, mar atá, cearta daonna a chur chun cinn, riail an dlí, réiteach síochánta díospóidí, agus dí-armáil agus neamhiomadú. Beidh na colúin sin a atreisíonn a chéile fós ag treorú ár gcuid oibre agus ár gcaidrimh le páirtithe lárnacha thar na blianta atá romhainn. Ach táimid faoi réir tionchair ag fachtóirí seachtracha freisin. Ní mór dúinn leanúint orainn ag déanamh ár mbeartas eachtrach a luacháil agus a fhorbairt, le gur féidir linn freagairt go héifeachtach don timpeallacht seo a bhíonn ag athrú i gcónaí.

Is acmhainn ann féin é traidisiún neodrachta na hÉireann. Tugann sé seasamh agus creidiúnacht dúinn agus muid ag plé le comhpháirtithe agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta. Bainfimid leas as an gcreidiúnacht sin.

Thar na trí bliana a chlúdaíonn an Ráiteas Straitéise seo, cuirfear dúshláin dhomhanda a éireoidh níos casta de réir a chéile, faoi Éirinn, i dteannta lenár gcomhpháirtithe AE agus an pobal idirnáisiúnta níos leithne. Ar an drochuair, is maith is eol dúinn faoi chuid de na dúshláin sin, mar an ghéarchéim dhaonnúil agus pholaitiúil atá ar siúl i nDarfur agus an chaoi a bhfuil cúrsaí sa Mheán-Oirthear, agus beidh siad chun tosaigh fós ar an gclár oibre AE agus idirnáisiúnta.

Ach mar chuid lárnach de bheartas eachtrach comhtháite agus cuimsitheach, ní mór dúinn freisin freagra éifeachtach a fhorbairt ar dhúshláin nua an 21^{ú} haois a bhagraíonn ar síocháin agus slándáil idirnáisiúnta, lena n-áirítear sceimhlitheoireacht idirnáisiúnta, slándáil fuinnimh, inimirce, sláinte phobail an domhain agus paindéimí mar VEID/SEIF nó fliú na n-éan. Déanfaimid é sin trí mheán ár mballraíochta ar an AE agus trí oibriú le feabhas a chur ar a éifeachtaí agus atá ár rannpháirteachas sna heagraíochtaí idirnáisiúnta agus réigiúnacha a bhfuilimid inár mbaill orthu.

Tá rannpháirteachas gníomhach sna NA fós ríthábhachtach i mbeartas eachtrach na hÉireann. Is soiléir fós ról lárnach chóras na NA ó thaobh síocháin agus slándáil idirnáisiúnta a chosaint agus iarrachtaí an lámh in uachtar a fháil ar bhochtaineacht agus tearcfhorbairt a threorú. Tá ról treorach le glacadh ag na NA freisin ó thaobh cur chuige éifeachtach idirnáisiúnta a fhorbairt i dtreo dúshlán domhanda mar dhul i gcoinne athraithe aeráide. Ach tá ceisteanna tábhachtacha institiúide agus eagraíochta, lena n-áirítear leasú na Comhairle Slándála, fós le réiteach agus tá éifeachtacht na Comhairle um Chearta Daonna agus an Choimisiúin um Chothú Síochána, a bunaíodh le déanaí, fós le léiriú. Ábhar tosaíochta d'Éirinn fós san am atá le teacht ná na NA a neartú le cinntiú go mbeidh sé ar a chumas a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh agus feidhmiú go héifeachtach.

Beidh dí-armáil agus neamhiomadú a chur chun cinn fós ina ghníomhaíocht lárnach do na NA agus beidh sé mar thosaíocht ag Éirinn. Ar cheann de na dúshláin lárnacha san am atá le teacht beidh dul chun cinn a dhéanamh agus muid ag druidim leis an gComhdháil Athbhreithnithe ar an gConradh in Aghaidh Iomadú Núicléach in 2010.

Cuirtear cuspóirí na hÉireann maidir le beartas eachtrach ar aghaidh freisin trí mheán ár rannpháirteachais ghníomhaigh i gComhbheartas Eachtrach agus Slándála (CFSP) an AE. Leanfaimid orainn ag cur chun cinn rannpháirteachas an AE in iarrachtaí ag an bpobal idirnáisiúnta réitigh bhuana agus shíochánta a bhaint amach ar na géarchéimeanna atá ar siúl sa Mheán-Oirthear, san Afraic agus in áiteanna eile. Sa chomhthéacs sin, táimid ag súil go bhfeicfear comhoibriú neartaithe san am atá le teacht idir an tAE, na NA agus eagraíochtaí réigiúnacha, mar Aontas na hAfraice, a bhfuil ról atá ag éirí níos tábhachtaí de réir a chéile le glacadh acu i bpolaitíocht agus i gcoimeád na síochána ar fud an domhain.

2008-2010: Cuspóirí, Straitéisí agus Táscairí Feidhmíochta

Cuspóirí	Straitéisí
Oibriú leis na Náisiúin Aontaithe agus institiúidí iltaobhacha eile a dhéanamh níos éifeachtaí ó thaobh aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna forbartha domhanda agus réigiúnacha.	Seasamh le príomhfhreagracht Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe as síocháin agus slándáil idirnáisiúnta a choimeád. Oibriú i ndlúthpháirt le Ranna Rialtais eile agus gníomhairí ábhartha le cinntiú go mbíonn rannpháirteachas na hÉireann sna NA, san OSCE agus i gComhairle na hEorpa gníomhach, dearfach agus comhtháite. Tacú le leasuithe a rinneadh le déanaí ar chóras na NA, agus leasuithe eile atá beartaithe, a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Tacú le hobair eagraíochtaí réigiúnacha, mar Aontas na hAfraice. Tacú le hiarrachtaí comhtháthú agus éifeachtúlacht níos fearr a chinntiú i ngníomhaíocht forbartha na NA, ag leibhéal tíre go háirithe.
Tacú le gníomh éifeachtach trí Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála (CFSP) an AE ó thaobh síocháin agus slándáil idirnáisiúnta a chur chun cinn.	Cinntiú go mbíonn an tAE fós rannpháirteach go gníomhach agus é sa tóir ar shíocháin agus cobhsaíocht bhuan i gceantair coinbhleachta agus éagobhsaíochta lena n-áirítear Burma, an Iaráin, an Meán-Oirthear, an tSúdáin/Darfur, na Balcáin Thiar, agus an tSiombáib.
Rannpháirteachas ar leith ag Éirinn i réiteach coinbhleachta agus cothú na síochána go hidirnáisiúnta a fhorbairt.	Seasamh na hÉireann a ardú trí thacaíocht feabhsaithe ar iarrachtaí idirnáisiúnta réiteach coinbhleachta a chur chun cinn, lena n-áirítear tionscnaimh na NA, an AE agus Aontas na hAfraice (AU). Acmhainní na hÉireann do rannpháirteachas i réiteach coinbhleachta a neartú. Féachaint, i gcomhpháirt leis an Roinn Cosanta, le cinntiú go leanann Éire uirthi ag cur go mór le síocháin agus slándáil idirnáisiúnta trí oibríochtaí tacaíochta síochána faoi shainordú na NA.
Meas ar chearta daonna agus riail an dlí, agus a gcosaint, a chur chun cinn.	Páirt ghníomhach a ghlacadh in obair Chomhairle um Chearta Daonna na NA, Tríú Coiste an Chomhthionóil Ghinearálta agus páirtithe Thionól na Stát ag an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta. Leanúint ar aghaidh ag tacú le hArd-Choimisinéir na NA um Chearta Daonna agus le tionscnaimh idirnáisiúnta um cheartas coiriúil. Páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí Chomhairle na hEorpa agus an OSCE, go háirithe maidir le caighdeáin um chearta daonna a leagan síos san Eoraip agus iad a mhaoirsiú agus daonlathas a chomhdhlúthú sa cheantar OSCE. Ionadaíocht éifeachtach a dhéanamh ar Éirinn os comhair Chúirt na hEorpa um Chearta an Duine in imeachtaí dlíthiúla agus os comhair na gComhlachtaí Monatóireachta Conarthaí faoi Choinbhinsiúin na NA um Chearta an Duine i meicníochtaí gearán aonair.

	An caidreamh idir an Roinn agus eagraíochtaí sochaí sibhialta atá ag obair sa réimse sin a neartú, go háirithe tríd an gComhchoiste Buan ar Chearta an Duine. Inár gclár um chomhoibriú forbartha, cuirfimid tacaíocht ar fáil le daonlathas, cearta daonna agus dea-rialú a neartú, agus muid ag obair le rialtais agus leis an tsochaí shibhialta araon, i dtíortha atá i mbéal a bhforbartha. .
Dí-armáil agus neamhiomadú a chur chun cinn.	Oibriú i dtreo toradh dearfach a bhaint amach ar an gComhdháil Athbhreithnithe ar an gConradh Iomadú Núicléach in 2010 agus leis an gClár Oibre nua um dhomhan saor ó airm núicléacha a chur chun cinn. Oibriú le coinbhinsiúin idirnáisiúnta i dtaobh arm ceimiceach agus bitheolaíoch a dhéanamh uilíoch agus a chur i bhfeidhm. Oibriú le haghaidh forfheidhmiú luath agus forleathnú an Choinbhinsiúin ar Chnuas-Mhuinisin a comhaontaíodh i mBaile Átha Cliath i mBealtaine 2008..

Príomhthráscairí Feidhmíochta

- A mhó a léirítear beartas eachtrach na hÉireann i dtorthaí ár rannpháirteachais i bhfóraim idirnáisiúnta agus réigiúnacha.
- Rannpháirteachas gníomhach an AE leis an bpobal idirnáisiúnta níos leithne agus iarracht á déanamh síocháin agus cobhsaíocht bhuan a bhaint amach i gceantair choinbhleachta agus ghéarchéime.
- Feabhas a chur ar thacaíocht agus acmhainní na hÉireann d'iarrachtaí idirnáisiúnta um réiteach coinbhleachta.
- Rannpháirteachas na hÉireann in oibríochtaí tacaíochta síochána faoi shainordú na NA.
- Socruithe feabhsaithe idirchaidrimh agus comhordaithe lenár Misin thar lear, le Ranna eile, le Gníomhaireachtaí Stáit agus le comhlachtaí ábhartha eile, le cinntiú go ndéantar ionadaíocht mhaith ar leas na hÉireann i gcomhlachtaí idirnáisiúnta.
- Tuairiscí tráthúla agus cruinne do na Comhlachtaí Monatóireachta Conartha faoi na Coinbhinsiúin um Chearta an Duine.
- Ionadaíocht éifeachtach ar staid na hÉireann os comhair Chúirt na hEorpa um Chearta an Duine agus na gComhlachtaí Monatóireachta Conarthaí.
- Caidreamh neartaithe leis an tsochaí shibhialta tríd an gComhchoiste Buan ar Chearta an Duine agus tionscnaimh for-rochtana eile.
- Daingniú agus forfheidhmiú an Choinbhinsiúin ar Chnuas-Mhuinisin a comhaontaíodh i mBaile Átha Cliath i mBealtaine 2008.

Cuspóir Ardleibhéil, 2008-2010:

Na gealltanais sa Pháipéar Bán ar Chúnamh Éireann a chomhlíonadh trí bhochtaineacht a laghdú, tacú le forbairt inbhuanaithe agus comhoibriú forbartha a chur chun cinn mar chuid lárnach de bheartas eachtrach na hÉireann.

Comhthéacs agus Timpeallacht

Tá clár Chúnamh Éireann dírithe go soiléir ar bhochtaineacht a laghdú, agus é mar aidhm aige leochaileacht a laghdú agus deiseanna a mhéadú i gcás na ndaoine is boichte ar an domhan. Tá méid agus scála an chláir ag méadú go tapa faoi láthair, de réir ghealltanas an Rialtais sprioc na Náisiún Aontaithe de 0.7% den Olltáirge Náisiúnta (OTN) a chaitheamh ar Chúnamh Oifigiúil Forbartha (COF) faoi 2012 a bhaint amach, agus bainfidh sé 0.54% amach in 2008.

Tá an clár ag fás i gcomhthéacs comhaontú ar chuspóirí, gealltanais agus tagarmhairc intomhaiste um chúnamh idirnáisiúnta. Táimid ag iarraidh ár gcuspóirí oibriúcháin a bhaint amach i roinnt ionad geografach éagsúil ach táimid ag díriú ar an Afraic, an mhór-roinn is mó a bhfuil bochtaineacht dhaingean agus seasta inti, go háirithe. Coimeádfar ár réimsí traidisiúnta gníomhaíochta, mar chúram sláinte agus oideachas bunúsach a chur ar fáil, agus freagra tapa éifeachtach ar éigeandálacha sa tréimhse atá le teacht. Ach ligfidh na hacmhainní nua atá ar fáil don chlár dúinn breathnú ar réimsí nua gníomhaíochta, mar mhaoiniú méadaithe do stáit leochaileacha agus stáit atá ag teacht ar ais chucu féin i ndiaidh coinbhleachta agus breathnú ar ról TFC agus na hearnála príobháidí ó thaobh fás a chur chun cinn agus bochtaineacht a laghdú i dtíortha atá i mbéal a bhforbartha.

Baineann comhoibriú forbartha leis an Rialtas go léir agus ní mór go léireodh ár mbeartais agus ár ngníomhartha obair gach Roinne Rialtais agus go léireofaí iad in obair gach Roinne Rialtais. Dúshlán don Roinn atá sa chur chuige comhtháite seo a chinntiú go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Sa chomhthéacs níos leithne, dúshlán faoi leith do na NA, don phobal idirnáisiúnta agus do Rialtais an domhain atá i mbéal a fhorbartha, san am atá le teacht, é dul chun cinn níos tapúla a dhéanamh i dtreo Spriocanna Forbartha na Mílaoise (SFManna) a bhaint amach. Soláthraíonn na Cuspóirí seo an tagarmharc ar féidir an pobal idirnáisiúnta, Rialtais an domhain atá i mbéal a fhorbartha agus na gníomhaireachtaí forbartha a mheas ina choinne maidir lena dtiomantas le bochtaineacht agus éagothroime a laghdú sa domhan.

Tugann an Páipéar Bán ar Chúnamh Éireann, a foilsíodh i Meán Fómhair 2006, forbhreathnú ar na prionsabail a thacaíonn leis an gclár cúnaimh. Leagann sé amach go soiléir an fhís ó thaobh an clár a mhéadú, soláthraíonn sé creat le caiteachas a threorú amach anseo, agus tugann sé tagarmharc soiléir ar féidir ár bhfeidhmíocht a thomhas ina choinne.

Tugann méadú chlár Chúnamh Éireann deiseanna iontacha fíor-athrú a dhéanamh ar shaol na mílte bocht. Ach tá dúshláin mhóra ag baint leis freisin. Tá sé riachtanach go ndéanfaí pleanáil chúramach leis an tionchar, an luach ar airgead agus an fhreagrúlacht bharrmhaith a chinntiú. Tá Athbhreithniú Bainistíochta bunúsach ar an gclár ar bun, agus córais eagraíochta, struchtúrtha, airgeadais agus riaracháin Chúnamh Éireann á scrúdú i gcomhthéacs fhás ionchais an chláir. Leagfaidh torthaí an athbhreithnithe sin síos an comhthéacs do Chúnamh Éireann thar na blianta atá le teacht.

2008-2010: Cuspóirí, Straitéisí agus Táscairí Feidhmíochta

Cuspóirí	Straitéisí
Leibhéal an Chúnaimh Oifigiúil Forbartha (COF) a mhéadú go 0.7% den Olltáirge Náisiúnta (OTN) faoi 2012 agus éifeachtúlacht chlár Chúnamh Éireann a bharrfheabhsú.	Dul chun cinn leantach sa bhuiséad a mhéadú go hincriminteach i dtreo na sprice 0.7% den OTN. Próisis phleanála, feidhmithe agus athbhreithnithe a neartú le cinntiú go n-úsáidtear acmhainní go héifeachtach, go ndéantar tionchar barrmhaith agus go dtugtar luach ar airgead.
Oibriú le Rialtais agus comhpháirtithe eile le bochtaineacht a laghdú agus deiseanna a fheabhsú sa domhan atá i mbéal a fhorbartha, agus díriú faoi léith ar an Afraic de réir Spriocanna Forbartha na Mílaoise.	Inár dTíortha Cláir, cinnteoimid go ndíríonn ár bPáipéir Straitéise Tíre, a ndéantar iad a idirbheartú agus a cheadú le Rialtais chomhpháirtí agus compháirtithe deontóra, go soiléir ar bhochtaineacht a laghdú. Oibreoimid i ndlúthpháirt le hEagraíochtaí Neamhrialtasacha (ERNanna) agus gníomhaireachtaí forbartha idirnáisiúnta eile agus iad ag iarraidh bochtaineacht domhanda a laghdú, agus díriú faoi leith ar an Afraic. Méadóimid an líon Tíortha Cláir ó na naoi gcinn atá ann faoi láthair go deich dtír ar a laghad.
De réir an chleachtais idirnáisiúnta is fearr, oibreoimid le héigeandálacha daonnúla a chosc agus le freagairt go héifeachtach dóibh.	Soláthróimid maoiniú solúbtha agus tráthúil d'eagraíochtaí áitiúla, Éireannacha agus idirnáisiúnta a léiríonn go soiléir go bhfuil sé de chumas acu cúnamh daonnúil éifeachtach a chur ar fáil ar bhealach a fhreagraíonn do riachtanais áitiúla agus a chloíonn le prionsabail dhaonnúla. Cinnteoimid go bhfeidhmeofar go héifeachtach an Tionscnamh Mearfhreagartha (RPI), lena n-áirítear imlonnú tráthúil Bhaill an Chóir Mhearfhreagartha agus soláthairtí daonnúla a chur in áit roimh ré le seachadadh do cheantair ina bhfuil tubaistí tarlaithe.
Tabharfar aird faoi leith ar VEID/SEIF agus ar na saincheisteanna eile a bhaineann le hInscne, Timpeallacht agus Rialú agus ár n-idirghabhálacha beartais go léir á bpleanáil, á gcur i bhfeidhm agus á luacháil.	Maoiniú €100 milliún a sholáthar in aghaidh na bliana le tionchar VEID/SEIF agus galar tógálach eile a laghdú sa domhan atá i mbéal a fhorbartha, agus é mar aidhm iomlán bochtaineacht agus leochaileacht a laghdú. Cuirfimid go gníomhach le freagra an domhain ar VEID/SEIF agus ar ghalair thógálacha eile, agus muid ag obair ag leibhéal idirnáisiúnta, náisiúnta agus áitiúil.
Feasacht agus úinéireacht an phobail ar chlár Chúnamh Éireann a mhéadú agus eolas níos fearr a sholáthar ar roghanna saorálaíochta don phobal.	Osclóimid an chéad Ionad Eolais Phoiblí agus Saorálaíochta de chuid Chúnamh Éireann ar Shráid Uí Chonaill, Baile Átha Cliath in Eanáir 2008. Oibreoimid le cinntiú go mbeidh teagmháil ag an Ionad leis an tír go léir trí chuairteanna scoile a mholadh agus tríd an ionad a chur chun cinn mar áit d'imeachtaí a bhaineann le forbairt. Déanfar láithreán gréasáin Chúnamh Éireann a mhéadú agus forbrófar foilseacháin maidir le taispeántais ag an Ionad. Breathnóimid ar roghanna maidir le hIonaid a oscailt in áiteanna eile. Beidh ár gcur chuige maidir leis sin treoraithe ag taithí an Ionaid i mBaile Átha Cliath.

Príomhthascairí Feidhmíochta

- Leibhéal COF ag 0.6% den OTN faoi 2010 agus ag 0.7% den OTN faoi 2012. Tabharfar tuairisc ar dhul chun cinn go dtí seo sa Ráiteas Buiséid Bliantúil.
- Cultúr láidir luachála agus foghlama trí iniúchadh agus athbhreithniú rialta ar Chúnamh Éireann agus a chuid páirtithe.
- Forbrófar Páipéir Straitéise Tíre do gach tír cháir agus díriú soiléir ar bhochtaineacht a laghdú agus comhpháirtíochtaí láidre ar bun le ENRanna, leis an tsochaí shibhialta agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta eile, lena n-áirítear na NA.
- Dul chun cinn i dtáscairí Spriocanna Forbartha na Mílaoise.
- Deichiú Tír Chláir roghnaithe.
- Maoiniú tráthúil agus solúbtha á chur ar fáil do chomhpháirtithe daonnúla lárnacha.
- Soláthairtí daonnúla curtha in áit roimh ré ag an gCurrach agus i mBrindisi na Iodáile agus á n-iompar nuair a theastaíonn go ceantair thubaiste. Imlonnú tapa an Chóir Mhearfhreagartha go ceantair a bhfuil dochar déanta dóibh.
- Dáileadh éifeachtach acmhainní le dul i gcoinne VEID/SEIF agus galar tógálach eile agus na hábhair imní sin a chomhtháthú go héifeachtach in idirghabhálacha i réimsí eile mar shláinte agus oideachas.
- Rannpháirteachas méadaitheach maidir le slándáil bhia agus borradh eacnamaíoch.
- Feasacht mhéadaithe an phobail ar chlár Chúnamh Éireann agus deiseanna saorálaíochta.
- "Straitéis Oibriúcháin" Chúnamh Éireann a fhoilsiú atá bunaithe ar an Straitéis seo agus ar an bPáipéar Bán ar Chúnamh Éireann.
- Athbhreithniú Bainistíochta a chríochnú agus céimeanna a ghlacadh le cinntiú go leanfar ar aghaidh ag bainistiú an chláir go héifeachtach, ag cinntiú ar an mbealach sin go mbeidh clár den chéad scoth ann amach anseo.

Cuspóir Ardleibhéil, 2008-2010:

Leas na hÉireann a bhaint amach san AE agus cur go hiomlán le forbairt an AE amach anseo.

Comhthéacs agus Timpeallacht

Is cosúil go dtarlóidh go leor athruithe sa tréimhse a chlúdaíonn an Ráiteas Straitéise seo i 27 Ballstát an Aontais Eorpaigh sa ré domhandaithe seo. Caithfear déileáil leis na himpleachtaí d'Éirinn agus don AE mar thoradh ar ár reifreann ar Chonradh Liospóin.

Tá reifreann an 12 Meitheamh 2008 tar éis timpeallacht chasta agus neamhchinnte a chruthú do bheartas AE na hÉireann. D'fhéadfadh an timpeallacht nua seo dúshláin mhóra a chruthú agus muid ag iarraidh ár gCuspóir Ardleibhéil de bharrleasa na hÉireann a bhaint amach in Aontas Eorpach atá ag athrú. Faoi láthair, is é an tasc atá os comhair na Roinne ná caidrimh lenár bpáirtithe AE a bhainistiú de réir mar a lorgaímid bealach ar aghaidh comhaontaithe.

Agus bealach ar aghaidh á lorg againn, caithfimid tuiscint níos fearr a fháil ar na fachtóirí a chruthaigh toradh an reifrinn agus go háirithe na nithe seo a leanas a aithint:

- na fachtóirí a chuaigh i gcion ar chinntí vótála agus ar thoradh an reifrinn;
- saincheisteanna eile a bhaineann leis an AE atá ina n-ábhar imní do thoghthóirí na hÉireann; agus
- dearcadh an phobail i leith an AE agus ról na hÉireann laistigh den Aontas amach anseo

Tá an Roinn tar éis tionscadal taighde a choimisiúnú d'fhonn tuiscint níos fearr a fháil ar staid reatha an dearcaidh náisiúnta maidir leis an AE, a ndearcadh faoi threo an Aontais amach anseo san áireamh. Déanfaidh an tionscadal anailísiú chomh maith ar na fachtóirí a stiúrann dearcadh an phobail agus ar an tslí is féidir plé leis an imní seo, lena n-áirítear cur chuigí nua i leith feasacht ar an AE, agus faisnéis air, a chur chun cinn.

Soláthróidh an obair seo ardán óna bhféadfaí straitéis a chumadh a bheidh in ann Éire a choinneáil i gcroílár an AE sna blianta amach romhainn. Ba chóir cuimhneamh go bhfuil glacadh poiblí go forleathan le chomh mór is a bhain Éire tairbhe as ár mballraíocht san Aontas. Aithnítear éachtaí an Aontais ó thaobh cobhsaíocht eacnamaíoch a sholáthar, forbairt chultúrtha, shóisialta agus chomhshaoil a atreisiú, agus cabhrú le síocháin a dhaingniú i dTuaisceart Éireann chomh maith.

Ag leibhéal náisiúnta, beidh sé riachtanach feabhas a chur ar chomhordú agus roinnt eolais laistigh den Roinn agus le Príomhranna eile ar shaincheisteanna leathana. Sna blianta atá le teacht, iarrfar níos mó ar an AE freagraí a fhorbairt ar dhúshláin chasta dhomhanda, lena n-áirítear athrú aeráide, sceimhlitheoireacht idirnáisiúnta, slándáil fuinnimh, inimirce, sláinte phoiblí dhomhanda agus paindéimí. Beidh orainn ár n-idirchaidreamh leis na páirtithe leasmhara ábhartha go léir a fheabhsú agus na ceisteanna sin a tharraingt isteach inár ngníomhaíochtaí taidhleoireachta ag leibhéal Eorpach agus ag leibhéal idirnáisiúnta níos leithne.

Is tosaíocht ríthábhachtach é a chinntiú go leanfaidh an Roinn Gnóthaí Eachtracha uirthi ag cur leis an bpróiseas um beartas náisiúnta a cheapadh trí fhaisnéis ábhartha ó líonra Mhisin taidhleoireachta na hÉireann a thabhairt. Freisin beidh comhthacaíocht ón gCeanncheathrú ag teastáil sna blianta atá le teacht d'obair ár nAmbasáidí atá lonnaithe san AE, agus Buanionadaíocht na hÉireann chuig an AE sa Bhruiséil, lena gcuid iarrachtaí riachtanacha ionadaíocht éifeachtach a dhéanamh ar leas na hÉireann trí mheán ár gcomhpháirtithe AE agus institiúidí an AE.

2008-2010: Cuspóirí, Straitéisí agus Táscairí Feidhmíochta

Cuspóirí	Straitéisí
Staid na hÉireann ar an iomlán, agus ár mórleas go háirithe, a chur ar aghaidh laistigh den Aontas Eorpach.	Leanúint le hionadaíocht a dhéanamh ar leas na hÉireann laistigh den AE, lena n-áirítear ar shaincheisteanna a éiríonn ón reifreann ar Chonradh Liospóin. Freagra a thabhairt ar fhorbairtí lárnacha beartais i mBallstáit agus laistigh de na hinstitiúidí AE, go háirithe maidir le saincheisteanna móra mar an Comhbheartas Talmhaíochta (CBT), cánachas, Athrú Aeráide, agus maoiniú an Aontais amach anseo. Oibriú i gcomhar le Ranna eile le cinntiú go mbeidh cur chuige éifeachtach comhleanúnach ann ag leibhéal an AE agus cumarsáid ar ardchaighdeán faoi phríomhshaincheisteanna sa bhaile. Cur go hiomlán le plé an AE ar WTO, beartas méadaithe agus ár staideanna náisiúnta a chomhordú.
Tuiscint an phobail ar an AE a dhoimhniú agus tacaíocht an phobail do ról na hÉireann san Aontas a uasmhéadú.	Taighde cuimsitheach a choimisiúnú le tuiscint níos fearr a fháil ar na cúiseanna gur dhiúltaigh toghthóirí an leasú Bunreachtúil molta chun daingniú Chonradh Liospóin a cheadú, chomh maith le treochtaí i léargais an phobail ar bhallraíocht na hÉireann den AE. Príomhthorthaí an staidéir seo a chomhtháthú isteach i gcumarsáid leanúnach lenár saoránaigh faoi ról na hÉireann laistigh den Aontas Eorpach. An scéim um An Eoraip a Chur in Iúl a atreisiú le níos mó béime a leagan ar ról na hÉireann san AE agus ar a thábhachtaí agus atá an AE fós d'fhorbairt na hÉireann amach anseo. Tacú le hobair an Fhóraim Náisiúnta ar an Eoraip agus eagraíochtaí eile chun spéis an phobail a mhúscailt i gceisteanna na hEorpa agus le dul i ngleic leo.
Cur le beartais sheachtracha AE atá comhtháite agus éifeachtach a fhorbairt.	Oibriú i ndlúthpháirt le gníomhairí ábhartha eile le cinntiú go gcuireann Éire go dearfach, go gníomhach, agus go comhtháite le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar Chomhbheartas Eachtrach Slándála (CBES) AE. Cur go gníomhach leis an mBeartas Eorpach Slándála agus Cosanta (BESC) a fhorbairt, i gcomhpháirt, go háirithe, leis na Ballstáit eile nach bhfuil ailínithe go míleata.
Cinntiú go bhfuil freagra an AE ar dhúshláin dhomhanda atá ag teacht chun cinn éifeachtach agus go réitíonn sé le leas na hÉireann.	Oibriú le páirtithe leasmhara eile le cur chuige comhtháite ag Éirinn a chinntiú ar phlé an AE ar cheisteanna atá ag teacht chun cinn lena n-áirítear Athrú Aeráide, Inimirce, Sceimhlitheoireacht, Slándáil Fuinnimh, Forbairt Inbhuanaithe, Beartas Trádála, agus go gcuirtear leas na hÉireann maidir leis na ceisteanna sin san áireamh i ngníomh an AE ag leibhéal idirnáisiúnta.

Príomhthascairí Feidhmíochta

- Taighde á dhéanamh leis na cúiseanna a bhí le toradh an reifrinn ar dhaingniú Chonradh Liospóin a fháil amach agus an tátal á dtarraingt ón anailís seo
- Feasacht mhéadaithe an phobail ar ról na hÉireann san AE.
- Ábhar eolais ar cheisteanna AE á dhéanamh agus á scaipeadh.
- Beartais na hÉireann á gcur chun cinn go héifeachtach ag gach leibhéal laistigh den AE - idir Chruinnithe Mullaigh Ceannairí AE agus chruinnithe toscairí náisiúnta.
- Tuarascálacha ardchaighdeáin ónár Misin AE agus coimrí le díriú ceart á gcur ar fáil don Taoiseach, d'Airí agus don Rialtas.
- Clár sásúil a chur i gcrích de chruinnithe ardleibhéil le comhpháirtithe AE.
- Comhordú, teagmháil agus cruinnithe idir-rannacha rialta. Obair a leanfaidh uaidh sin atá dírithe agus éifeachtach ag an Roinn agus na Misin.

Cuspóir Ardleibhéil, 2008-2010:

Cur i bhfeidhm iomlán Chomhaontú Aoine an Chéasta a chur chun cinn trí thacú le hoibriú éifeachtach a chuid institiúidí, comhoibriú Thuaidh/Theas a neartú agus oibriú i dtreo athmhuintearais bhuain.

Comhthéacs agus Timpeallacht

Cuireadh deiseanna nua ar fáil le caidreamh a fhorbairt ar ár n-oileán le cur ar ais institiúidí Chomhaontú Aoine an Chéasta i mBealtaine 2007, tar éis dóibh bheith ar fionraí ar feadh breis is ceithre bliana. Is é ár bpríomhchuspóir le haghaidh thréimhse an Ráitis Straitéise seo ná na deiseanna go léir a thugann an dul chun cinn sin a thapú. Bainfear é sin amach trí thacú le feidhmiú cobhsaí agus éifeachtach a chuid institiúidí, comhoibriú Thuaidh/Theas a neartú agus oibriú i dtreo athmhuintearais bhuain idir an dá phríomhthraidisiún ar an oileán seo.

Is ábhar tosaíochta é a chinntiú go n-éireoidh leis an aistriú cumhachtaí póilíneachta agus cirt ó Westminster chuig na hinstitiúidí cineachta. Tacóidh comhdhlúthú tacaíochta do phóilíneacht agus do cheartas, ag leibhéal áitiúil go háirithe, le cobhsaíocht fhadtéarmach agus muinín an phobail.

Tá an deis ann anois muinín a fhorbairt níos mó agus comhpháirtíocht agus comhoibriú a fheabhsú, lena n-áirítear tríd an gComhairle Airí Thuaidh-Theas, agus é mar aidhm go mbainfeadh daoine ar an dá taobh den teorainn tairbhe phraiticiúil as. Leagann an Plean Forbartha Náisiúnta amach clár uaillmhianach um chomhoibriú Thuaidh/Theas. Is é an cúram atá orainn anois ná cinntiú go bhféadann gach páirtí leasmhar, sa Tuaisceart agus sa Deisceart, comhchlár oibre a mhúnlú agus tairbhe a bhaint as comhoibriú níos dlúithe.

Tabharfaidh na blianta atá romhainn freisin deis athmhuintearas buan a chruthú. Is ábhar tosaíochta é dul i ngleic le ceisteanna a éiríonn as iarmhairt dheacair na coinbhleachta, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le híobartaigh, paráidí, seicteachas, normalú leantach slándála agus dul i ngleic le paraimíleatachas iarmharach.

Gné thábhachtach dár gcuid oibre sna blianta atá romhainn é dul i ngleic le sainriachtanais shóisialta agus eacnamaíocha na bpobal ar an teorainn, i gcomhpháirtíocht leis na Ranna agus gníomhaireachtaí ábhartha agus tríd an gcreat uirlisí maoinithe idirnáisiúnta. Freisin oibreoimid le caidreamh na Breataine-na hÉireann a neartú, caidreamh a doimhníodh agus a neartaíodh agus muid araon sa tóir ar shochaí shíochánta agus chobhsaí i dTuaisceart Éireann.

Beidh tacaíocht pholaitiúil agus eacnamaíochta an phobail níos leithne - lena n-áirítear na Stáit Aontaithe agus an tAontas Eorpach - fós tábhachtach maidir leis an dispeansáid nua a chomhdhlúthú agus deiseanna agus forbairt eacnamaíochta a chur chun cinn. Aimsir chuí é seo dúinne faoi seach, leas a bhaint as ár dtaithí ar an bpróiseas síochána ar bhealach a ligeann dúinn cur leis an gcorp méadaitheach saineolais ar réiteach coinbhleachta go hidirnáisiúnta.

Tabharfar cabhair dár gcuid iarrachtaí trí bhunú Chomhchoiste nua an Oireachtais le forbairtí leanúnacha i gcur i bhfeidhm Chomhaontú Aoine an Chéasta a phlé agus a mheas.

2008-2010: Cuspóirí, Straitéisí agus Táscairí Feidhmíochta

Cuspóirí	Straitéisí
Tacú le cobhsaíocht agus feidhmiú éifeachtach institiúidí go léir Chomhaontú Aoine an Chéasta agus cinntiú go n-éireoidh le cineachadh na gcumhachtaí póilíneachta agus cirt.	Monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn i dTuaisceart Éireann agus tacú leis, agus líonra cuimsitheach teagmhálacha a choimeád leis an tuiscint is fearr a fháil ar ár dtuairimí agus ár mbeartais faoi seach. Tacú le hobair na n-institiúidí trí rannpháirteachas gníomhach sa Chomhairle Airí Thuaidh Theas agus i gComhairle na Breataine-na hÉireann agus trí Rúnaíocht Chomhdháil Idir-Rialtasach na Breataine-na hÉireann i mBéal Feirste, i gcomhpháirt le Roinn an Taoisigh agus leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Comhaontú ar chineachadh cumhachtaí póilíneachta a chur chun cinn.
Comhpháirtíocht láidir idir an Tuaisceart agus an Deisceart a chur chun cinn agus cur le rath gach duine ar an oileán tríd an eacnamaíocht uile-oileáin a fhorbairt agus trí chomhoibriú Thuaidh/Theas a chur ar aghaidh.	Comhoibriú Thuaidh/Theas a chur ar aghaidh lena n-áirítear feidhmiú iomlán agus éifeachtach na Comhairle Airí Thuaidh-Theas, agus tacú le dul chun cinn ar Fhóram Parlaiminte Thuaidh-Theas agus Fóram Comhairliúcháin Thuaidh-Theas a bhunú. Oibriú i gcomhar le Ranna Rialtais maidir le cur i bhfeidhm ghnéithe uile-oileáin an Phlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013, agus cur i bhfeidhm pleananna socruithe infheistíochta Thuaidh/Theas.
Athmhuintearas agus comhthuiscint bhuan a chothú, lena n-áirítear dul i ngleic le ceisteanna iar-choinbhleachta, dul i gcoinne an tseicteachais agus dul i ngleic le sainriachtanais shóisialta agus eacnamaíochta pobal ar an teorainn.	Tionscnaimh athmhuintearais agus trasphobail a spreagadh agus tacú leo, trí mheán an Chiste Athmhuintearais agus an Chiste Frithsheicteachais nua agus díriú ar phobail teorann ar leithlis. Oibriú leis na páirtithe ábhartha, lena n-áirítear Rialtas na hÉireann agus na hinstitiúidí cineachta le tacú le cothú muiníne sna pobail ba mhó a ndeachaigh an choinbhleacht i bhfeidhm orthu. Soghluaisteacht trasteorann a fheabhsú, naisc bhonneagair a fheabhsú agus comhoibriú beartais a neartú, lena n-áirítear tríd an Tionscnamh um Thairseach Thuaidh-Thiar. Leanúint ar aghaidh ag tacú le hobair an Chiste Idirnáisiúnta d'Éirinn agus EU Peace III agus teagmháil, idirchaidreamh agus athmhuintearas á spreagadh ar oileán na hÉireann.
Leanúint ar aghaidh ag déanamh caidreamh na Breataine-na hÉireann a neartú agus a leathnú, ag baint leasa as tacaíocht leanúnach ár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta chomh maith le páirt éifeachtach a ghlacadh sna ceachtanna a foghlaimíodh a roinnt.	Oibriú le caidreamh na Breataine-na hÉireann a fheabhsú níos mó, agus leibhéil nua comhoibrithe á bhforbairt i réimsí comhleasa, agus teagmháil dhéthaobhach a chur chun cinn ag gach leibhéal, lena n-áirítear trí mheán ghníomhaíochtaí Ambasáid na hÉireann i Londain agus na nArd-Chonsal i gCaerdydd agus i nDún Éideann. Páirt ghníomhach i gComhairle na Breataine-na hÉireann agus tacaíocht ghníomhach di le caidreamh idir na hoileáin sin a chur ar aghaidh. Caidrimh a chothú le comhpháirtithe idirnáisiúnta, na SA agus an tAE go háirithe, mar thacaíocht leantach do na hinstitiúidí cineachta agus d'athmhuintearas agus rath ar oileán na hÉireann, chomh maith le ceachtanna a roinnt go hidirnáisiúnta.

Príomhtháscairí Feidhmíochta

- Caidrimh fheabhsaithe le hionadaithe ar gach traidisiún i dTuaisceart Éireann agus ról éifeachtach ó thaobh tacaíocht a thabhairt do na hinstitiúidí cineachta.
- Go n-éireoidh le hAthbhreithnithe Chill Rímhinn agus Chomhairle na Breataine-na hÉireann (BIC) agus go gcríochnófar iad go tráthúil.
- Cumhachtaí cirt agus póilíneachta a aistriú go cobhsaí ó Westminster chuig na hinstitiúidí cineachta.
- Cruinnithe rialta agus éifeachtacha den Chomhairle Airí Thuaidh/Theas.
- Go n-éireoidh le cruinnithe mullaigh agus gnáthchruinnithe Chomhairle na Breataine-na hÉireann.
- Teagmháil dhearfach le comhpháirtithe idirnáisiúnta
- Na gnéithe uile-oileáin den Phlean Forbartha Náisiúnta a chur i bhfeidhm.
- Tacaíocht éifeachtach maoinithe a sheachadadh do thionscadail a chothaíonn athmhuintearas agus comhthuiscint bhuan.
- Bearta praiticiúla a sheachadadh mar thacaíocht do ghníomhaíocht eacnamaíochta trasteorann.
- Forbairt doiciméad 'ceachtanna foghlamtha'.

Cuspóir Ardleibhéil, 2008-2010:

Éire, agus a caidreamh déthaobhach le tíortha eile, a chur chun cinn; ár leas eacnamaíoch a chur ar aghaidh agus ár seasamh cultúrtha thar lear a fheabhsú.

Comhthéacs agus Timpeallacht

Braitheann rath leantach na hÉireann ar thimpeallacht chobhsaí idirnáisiúnta agus ar chaidreamh déthaobhach láidir. Gné lárnach dár bhforbairt amach anseo a bheidh i naisc pholaitiúla, eacnamaíocha agus chultúrtha lenár gcomhpháirtithe san AE agus leis an bpobal idirnáisiúnta níos leithne a fheabhsú.

I dteannta le comhoibriú iltaobhach, ní mór dúinn ár gcuspóirí maidir le beartas eachtrach agus leas eacnamaíochta a shaothrú trí mheán caidreamh déthaobhach le comhpháirtithe lárnacha a neartú. Beidh na Stáit Aontaithe ar an gcompháirtí is gaire d'Éirinn agus don AE fós, maidir le comhoibriú polaitiúil agus eacnamaíoch araon, agus oibreoimid leis an gcaidreamh sin a dhoimhniú san am atá le teacht. Ach tháinig mórghníomhairí nua mar an tSín agus an India chun cinn go hidirnáisiúnta de bharr an domhandaithe. Freisin tá an Rúis tagtha chun cinn arís mar ghníomhaire mór. Beidh sé tábhachtach teagmháil leis na tíortha sin agus le tíortha eile a neartú agus é mar aidhm comhpháirtíochtaí straitéiseacha a fhorbairt atá bunaithe ar chomhluachanna agus comhchuspóirí.

Tá geilleagar na hÉireann ar cheann de na geilleagair is oscailte ar an domhan. Ba ghné ríthábhachtach de dhul chun cinn eacnamaíochta na hÉireann go dtí seo é rochtain ar mhargaí a mhéadú agus infheistíocht isteach a mhealladh. Tá seirbhísí a thrádáiltear go hidirnáisiúnta mar sheirbhísí airgeadais agus ríomhaireachta ag éirí níos tábhachtaí de réir a chéile d'oibríochtaí dúchasacha agus oibríochtaí le húinéirí eachtracha araon in Éirinn.

Sa lá atá inniu ann, tá comórtas margaidh ag éirí níos déine de réir mar a spreagann teicneolaíocht nua trádáil dhomhanda agus forbairt múnlaí gnó nua. Lenár rath eacnamaíochta a choimeád sa timpeallacht éilitheach sin, ní mór d'Éirinn úsáid bharrmhaith a bhaint as a cuid acmhainní chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le domhandú agus na deiseanna a thugann sé a thapú.

Leanfaimid orainn ag tacú le cuspóirí trádála agus infheistíochta an Rialtais, agus ardóimid feasacht ar Éirinn agus ar a cumas gnó thar lear. D'éirigh go sármhaith le Straitéis na hÁise de chuid an Rialtais maidir leis na cuspóirí sin a chomhlíonadh sa réigiún sin. Anois beimid ag iarraidh aithris a dhéanamh ar an rath sin agus cur chuige straitéiseach á fhorbairt i dtreo ár gcaidreamh i réigiún na Murascaille. I gcomhpháirt le Ranna eile, Gníomhaireachtaí Stáit agus an earnáil phríobháideach, leanfaimid orainn ag cur na hÉireann chun cinn mar chomhpháirtí gnó tosaíochta agus mar ionad den chéad scoth d'infheistíocht, forbairt agus taighde eolaíochta.

Tá deis uathúil ag líonra Ambasáidí agus Consalachtaí na hÉireann ár leas polaitiúil agus eacnamaíoch a chur ar aghaidh i margaí forbartha agus iontu siúd atá ag teacht chun cinn agus ár seasamh cultúrtha a ardú thar lear. Tá cumas maith ag ár líonra taidhleoireachta rabhadh a sholáthar i dtaobh treochtaí rialúcháin inár mórmhargaí, agus tá sé ina fhoinse luachmhar teagmhálacha agus faisnéise margaidh do ghnó Éireannach atá ag dul isteach sa mhargadh domhanda. I margaí forbartha, cabhraíonn Ambasáidí agus Consalachtaí le plé le ceisteanna a bhaineann le timpeallacht ghnó agus le rochtain ar an margadh. I dtíortha neamh-OECD, agus go háirithe i ngeilleagair atá ag teacht chun cinn áit a nglacann an Stát fós ról mór in earnálacha lárnacha, féadann tacaíocht agus láithreacht infheicthe Misin taidhleoireachta dul i bhfeidhm go mór ar fhadhbanna a réiteach agus ar ghnó a mhéadú.

Tá seasamh ard ag cultúr na hÉireann go hidirnáisiúnta, agus déantar é sin a fheabhsú níos mó trí ghníomhaíochtaí cultúrtha ár Misean thar lear. Beidh cur chun cinn cultúrtha ina ghné thábhachtach maidir le caidreamh déthaobhach a neartú agus feasacht ar Éirinn a mhéadú.

2008-2010: Cuspóirí, Straitéisí agus Táscairí Feidhmíochta

Cuspóirí	Straitéisí
Caidreamh déthaobhach na hÉireann a fhorbairt - taobh istigh den AE agus taobh amuigh de.	Turais ardchaigdeáin thar lear a bheidh dírithe ar spriocanna áirithe a eagrú don Uachtarán, don Taoiseach agus d'Airí Rialtas mar aon le cuairteanna Ceann Stát agus Rialtas ar Éirinn i dteannta le cláir a chuireann ar aghaidh caidreamh na hÉireann leis na tíortha atá i gceist. Ionadaíocht a dhéanamh ar leas na hÉireann in idirchaidreamh déthaobhach gníomhach lenár gcomhpháirtithe AE trí chlár córasach teagmhálacha agus cuairteanna ag Airí na hÉireann ar chomhpháirtithe AE. Dlúthchaidreamh déthaobhach na hÉireann leis na Stáit Aontaithe a neartú trí theagmhálacha agus cuairteanna ardleibhéil rialta. Ár gcaidreamh leis na tíortha inár Straitéis na hÁise agus le tíortha eile ina bhfuil margaí ag teacht chun cinn a neartú. Cumas iomlán ár gcaidrimh le tíortha eile san Eoraip, i gCeanada, san Aigéan Ciúin, san Áis, san Afraic, sa Mheán-Oirthear agus i Meiriceá Laidineach a fhorbairt, go háirithe leo siúd a bhfuil caidreamh taidhleoireachta againn leo cheana.
Leas eacnamaíoch agus cultúrtha na hÉireann a chur chun cinn thar lear trínár n-acmhainní go léir a úsáid ar bhealach dírithe, lena n-áirítear go háirithe ár líonra misean taidhleoireachta agus consalachta thar lear.	Feasacht a ardú ar Éirinn mar chomhpháirtí gnó agus mar ionad den chéad scoth d'infheistíocht, taighde agus forbairt eolaíochta, oideachas, agus ardteicneolaíocht, i gcomhpháirt leis na Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí Stáit ábhartha. Treoirlínte na Roinne ar obair eacnamaíoch agus cur chun cinn ár Misean thar lear a chur i bhfeidhm. An ghné eacnamaíoch de gach cuairt ardleibhéil ábhartha isteach agus amach a uasmhéadú; úsáid a bhaint go háirithe as an deis uathúil atá i Lá Fhéile Pádraig le feasacht ar Éirinn a ardú thar lear agus le seasamh eacnamaíoch agus cultúrtha na hÉireann a fheabhsú. Críochnú comhaontuithe de nádúr eacnamaíoch a éascú mar fhreagra ar riachtanais ghnó na hÉireann. Cearta ceannasacha na hÉireann ar an scairbh ilchríochach leathnaithe a shocrú go soiléir trí oibriú le ceisteanna teorann mara a réiteach le stáit chomharsanachta. Comhoibriú ar chur chun cinn cultúir le Ranna agus gníomhaireachtaí ábhartha eile a neartú, le Cultúr Éireann go háirithe. Cabhrú le Misin thar lear le cláir chultúir a fhorbairt, lena n-áirítear cumas an Choláiste Éireannaigh i bPáras a bharrfheabhsú. Feabhas a chur ar éifeachtacht agus tionchar an Chláir Mhalairte Fulbright.

	Forbairt "Léann na hÉireann" a chur chun cinn in institiúidí tríú leibhéal thar lear. Feabhas a chur ar acmhainní faisnéise na Misean thar lear trí mheasúnú riachtanas faisnéise a dhéanamh agus trí chur chuige straitéiseach agus comhtháite a fhorbairt i dtreo ábhair faisnéise a sholáthar.
Forbairt trádála agus infheistíochta i margaí atá ag teacht chun cinn a éascú.	Straitéis na hÁise de chuid an Rialtais mar a bhaineann sí le hobair na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus lenár Misin san Áis a chur i bhfeidhm agus cur chuige straitéiseach a fhorbairt do réigiún na Murascaille. Caidreamh trádála agus infheistíochta na hÉireann le margaí eile atá ag teacht chun cinn a fhorbairt, i gcomhpháirt le Gníomhaireachtaí Stáit agus páirtithe leasmhara ábhartha eile.

Príomhthascairí Feidhmíochta

- Líon agus caighdeán na gcuairteanna ardleibhéil a eagraítear
- Tús áite a thabhairt do chuspóirí polaitiúla agus eacnamaíocha na hÉireann i bPleananna Gnó Ambasáidí agus Consalachtaí.
- Comhordú éifeachtúil agus éifeachtach le gach páirtí leasmhar ábhartha; aiseolas dearfach ar rannpháirteachas na Roinne ó thaobh leas eacnamaíochta agus cultúir na hÉireann a chur chun cinn thar lear.
- Críochnú comhaontuithe idirnáisiúnta atá luachmhar do ghnó na hÉireann, m.sh. comhaontuithe um chánachas dúbailte, Comhaontuithe Iompair Aeir, srl.
- Cur go héifeachtach le rochtain ar earraí, seirbhísí agus táirgí bia a dhéantar in Éirinn a choimeád agus a leathnú.
- Tacaíocht leantach do Straitéis na hÁise de chuid an Rialtais trí naisc mhéadaithe eacnamaíocha a éascú.
- Rannpháirteachas éifeachtach i gcaidreamh trádála a fhorbairt níos mó le réigiún na Murascaille agus margaí eile atá ag teacht chun cinn, go háirithe maidir le TCF agus oideachas.
- Rannpháirteachas éifeachtach i rialú an Choláiste Éireannaigh agus an Ionaid Chultúrtha Éireannaigh i bPáras.
- Oibriú níos fearr an Chláir Fulbright in Éirinn.
- Acmhainní faisnéise feabhsaithe do Mhisin thar lear.

Cuspóir Ardleibhéil, 2008-2010:

Seirbhís ardchaighdeáin phas agus chonsalachta a chur ar fáil do shaoránaigh uile na hÉireann agus dlúthbhaint a bheith againn le hÉireannaigh thar lear.

Comhthéacs agus Timpeallacht

Tá méadú ag teacht i gcónaí ar líon na nÉireannach atá ag taisteal thar lear ar mhaithe le fóillíocht agus le cúrsaí gnó agus méadú ag teacht ar líon na n-áiteanna a bhfuil siad ag dul. Rinne daoine atá ina gcónaí in Éirinn beagnach seacht milliún turas thar lear le linn 2006 amháin. Mura dtagann aon athrú ar rachmas na hÉireann ná ar na naisc ghnó atá aici thar lear, toisc go bhfuil sé éasca taisteal thar lear is cosúil go leanfaidh an claonadh seo ar aghaidh go ceann i bhfad. Leanfaimid ar aghaidh ag cur seirbhís phas agus chonsalachta den scoth ar fáil do shaoránaigh na hÉireann agus cuirfimid feabhas breise ar an tseirbhís seo nuair is gá é san am atá amach romhainn.

Glactar leis ar fud an domhain go bhfuil pas reatha na hÉireann ar cheann de na pasanna is sláine agus is foirfe ó thaobh na teicneolaíochta de dá bhfuil in úsáid. Forfheidhmeofar reachtaíocht faoi leith maidir le pasanna i rith shaolré an Ráitis seo agus cuirfidh sí sin cinnteacht níos fearr fós ar fáil agus laghdóidh sí baol goidte agus calaoise pasanna.

Ós rud é go bhfuil níos mó agus níos mó saoránach de chuid na hÉireann ag taisteal thar lear níl aon dul as ach go bhfuil méadú ag teacht ar an éileamh ar chabhair consalachta agus ar chastacht na gcásanna consalachta ar gá dúinn iad a réiteach. Ní amháin gur gá dúinn cúnamh consalachta a chur ar fáil sa ghnáthchúrsa ach is gá dúinn bheith in ann freagra éifeachtach a thabhairt ar ghéarchéimeanna móra idirnáisiúnta thar lear a bhaineann lena lán saoránach de chuid na tíre. D'éirigh go maith linn freagra a thabhairt ar thragóid 9/11, súnámaí na hÁise agus ar chogadh na Liobáine in 2006 agus chuidigh an méid a d'fhoghlaimíomar uathu siúd le córas pleanála géarchéime a cheapadh atá ar aon dul leis an gcleachtas is fearr ag tíortha eile.

Leanfaimid ar aghaidh sa tréimhse atá amach romhainn ag iarraidh naisc níos fearr a chruthú leis na hÉireannaigh thar lear. Is fíorthábhachtach i gcónaí an clár atá againn i leith imircigh na tíre le cabhrú leo maidir leis na riachtanais phráinneacha atá acu. Cé gur dhíríomar sa chlár seo ar sheirbhísí faisnéise agus leasa a sholáthar ar dtús d'imircigh leochaileacha Éireannacha, cuireadh acmhainní breise ar fáil a chuir ar ár gcumas an clár a leathnú amach agus tabhairt faoi roinnt tionscadal caipitil agus tionscadail a chothaigh tuiscint phobail thar lear. Ina measc sin thugamar tacaíocht do ghníomhaíochtaí sóisialta, spóirt agus oidhreachta.

Tá méadú mór tagtha le blianta beaga anuas ar líon náisiúnach coigríche a bhfuil víosaí uathu le teacht ar cuairt chun na hÉireann agus dul ag obair anseo. Dúshlán mór dár Misin taidhleoireachta agus consalachta thar lear sa chomhthéacs sin is ea baol calaoise víosaí. Leanfaimid orainn ag obair i ndlúthpháirt leis an Roinn Dlí, Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí le cabhrú leo córas slán cothrom agus áisiúil don úsáideoir a chur ar fáil trínár Misin thar lear.

2008-2010: Cuspóirí, Straitéisí agus Táscairí Feidhmíochta

Cuspóirí	Straitéisí
Seirbhís pasanna a chur ar fáil don phobal a bheidh éifeachtúil, ar ardchaighdeán agus slán.	Athbhreithniú agus feabhsú leanúnach a dhéanamh ar ár seirbhísí agus ár dtáirgiúlacht agus aiseolas ó chustaiméirí a chur san áireamh. Moltaí an athbhreithnithe neamhspleách a rinneadh ar an tseirbhís phasanna maidir le Luach ar Airgead agus Athbhreithniú Beartais a mheas. Creatlach dlí na seirbhíse pasanna a chódú agus a neartú. Dul i ngleic le calaois phasanna.
Cinntiú go bhfaigheann saoránaigh na hÉireann cabhair agus seirbhís chonsalachta atá béasach éifeachtach tráthúil nuair atá sé uathu.	Feabhas a chur ar chaighdeán agus éifeachtúlacht na seirbhísí consalachta a chuirtear ar fáil, lena n-áirítear seirbhísí sna Misin Éireannacha thar lear. Feasacht an phobail a ardú faoi na seirbhísí atá ar fáil. Cinntiú go bhfuil ár socruithe bainistíochta géarchéime ar aon dul leis an gcleachtas is fearr thar lear.
Cabhrú leis an Roinn Dlí, Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí córas cothrom slán inimirce a chur i bhfeidhm.	Caidreamh éifeachtach a bheith againn leis an Roinn Dlí, Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Iarratais ar víosaí a phróiseáil go héifeachtach inár Misin thar lear.
Comhordú a dhéanamh ar an tacaíocht a thugtar d'eagraíochtaí na hÉireann a chabhraíonn le himircigh leochaileacha Éireannacha, agus oibriú i gcomhar le heagraíochtaí deonacha in Éirinn is thar lear a chabhraíonn le himircigh Éireannacha, agus leo siúd ar mian leo filleadh ar Éirinn.	Moltaí an athbhreithnithe a rinneadh ar Bheartas agus Luach ar Airgead maidir le Tacaíocht do Ghrúpaí Imirceach na hÉireann a rinneadh i 2007 a chur i bhfeidhm. Oibriú i gcomhar le Ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais a chuireann seirbhísí ar fáil a bhfuil tionchar acu ar imircigh. Leanúint ar aghaidh ag iarraidh stádas na n-Éireannach gan cháipéisí inimirce sna Stáit Aontaithe a réiteach agus le socruithe a dhéanamh maidir le heisimirce ó Éirinn agus SAM amach anseo. Cur le cumas na ngníomhaireachtaí deonacha déileáil go héifeachtach le húdaráis lárnacha agus áitiúla sna tíortha ina bhfuil siad. Comhoibriú níos dlúithe idir na gníomhaireachtaí reachtúla agus deonacha in Éirinn agus thar lear a chur chun cinn. Cinntiú go gcuirfear maoiniú ar fáil d'eagraíochtaí a bhíonn i dteagmháil leis na hÉireannaigh is leochailí thar lear, seandaoine ach go háirithe.

Príomhthascairí Feidhmíochta

- Tús a chur le clárú (deonach) ar líne le haghaidh shaoránaigh na hÉireann atá ag taisteal thar lear.
- An Chairt Chonsalachta a scaipeadh go forleathan agus feasacht an phobail ina leith a ardú.
- Dul chun cinn maith a bheith déanta le rolladh amach an Bhunachair Shonraí Consalachta agus Bhunachar Sonraí na bPríosúnach faoi dheireadh na bliana 2008.
- Foirne Cabhrach Consalachta Éigeandála a chur ar fáil go tapa nuair is gá iad.
- “Córas Uathoibríoch um Rianú Iarratas ar Víosaí” (AVATS) a chur ar fáil do na Misin thar lear faoi dheireadh na bliana 2008.
- Na caighdeáin ata leagtha síos ag an Roinn ina Cairt do Chustaiméirí agus na geallta a thugann sí faoi sheirbhísí pasanna a bhaint amach.
- Achtú an Achta nua um Phasanna.
- Comhoibriú le hOifig an Ard-Chláraitheora agus le Gníomhaireachtaí eile Stáit leis na cosaintí in aghaidh calaoise pasanna a neartú.
- Cinntiú go sásaíonn pas na hÉireann caighdeáin na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta.
- Na moltaí a rinneadh faoi na hAthbhreithnithe ar Luach ar Airgead agus ar Bheartas maidir le Tacaíocht do Ghrúpaí Imirceach na hÉireann agus ar an tSeirbhís Pasanna a chur i bhfeidhm go tráthúil.

Cuid III

Cur i bhFeidhm/ Seachadadh

Fachtóirí Ríthábhachtacha Ratha

Má tá ár gcuspóirí le baint amach go rathúil ní mór acmhainní na Roinne a bhainistiú go héifeachtach agus muid bheith in ann athrú agus athruithe a bhainistiú. Is é an dúshlán is mó a bheidh romhainn sna trí bliana atá le teacht ná na leibhéil seirbhíse atá againn a choinneáil agus a fheabhsú agus é sin a dhéanamh leis na hacmhainní a chuirfear ar fáil don Roinn.

Baineann réimse leathan disciplíní agus uirlisí oibre le bainistiú éifeachtach acmhainní.

- Bainistiú Acmhainní Daonna
- Luach ar Airgead.
- Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
- Seirbhísí do Chustaiméirí

Cumas Soláthair

Tá an saol mór domhandaithe anois, bíonn imeachtaí agus comhthéacsanna ag athrú i gcónaí, agus ar an ábhar sin tá sé níos práinní anois ná mar a bhí riamh go mbeadh struchtúir na Roinne sa Cheanncheathrú feiliúnach don obair atá idir lámha againn; go mbeadh cumas láidir solúbtha aici sa bhaile agus thar lear le freagra tapa éifeachtach a thabhairt ar na dúshláin a thiocfaidh chun cinn agus deiseanna a thapú; agus go mbeadh na hacmhainní cearta aici sna háiteanna cearta ag na hamanna cearta le torthaí maithe a chur ar fáil don Rialtas agus dár saoránaigh. Ina leith seo, bíonn an Roinn i gcónaí ag déanamh athbhreithnithe agus measúnuithe ar réimsí áirithe dá cuid oibre agus is é an cuspóir atá leis seo ná cinntiú go mbaineann an Roinn an leas is fearr as na hacmhainní atá aici, idir dhaoine agus airgead, chun a spriocanna, a cuspóirí agus a tosaíochtaí a bhaint amach.

Foilsíodh Páipéar Bán ar Chúnamh Éireann agus tá Athbhreithniú Bainistíochta ar na córais agus na struchtúir atá againn chun ár gclár cúnaimh a sheachadadh á chur i gcrích an samhradh seo dá thoradh sin. Beidh toradh na hoibre sin fíorthábhachtach le cinntiú go mbeidh na struchtúir, na córais agus na hacmhainní ag an Roinn chun bainistiú éifeachtach a dhéanamh sna blianta atá le teacht ar an gclár cúnaimh atá á fhorbairt.

Tá na socruithe pleanála gnó agus na córais bainistíochta agus forbartha gníomhúcháin (CBFG) araon sa Roinn ina n-uirlisí tábhachtacha le cinntiú go bhfuil an eagraíocht, ar gach leibhéal, dírithe go hiomlán ar na spriocanna agus na cuspóirí a leagtar amach sa Ráiteas seo a bhaint amach. Tá an bhainistíocht shinsearach, mar sin, tiomnaithe d'fheidhmiú na socruithe agus na nósanna imeachta seo a fheabhsú a thuilleadh sa Roinn thar na trí bliana amach romhainn.

Tá sé riachtanach freisin go bhfeabhsófar an comhoibriú leis na Ranna Rialtais agus na Gníomhaireachtaí Stáit bainteacha go léir faoi cheisteanna trasghearrtha le cinntiú go mbeidh cur chuige "an Rialtais go léir" ann maidir le leas na hÉireann a chur ar aghaidh. Ta cur síos in Iarscríbhinn 1 ar na ceisteanna sin ina bhfuil ról ag Ranna agus/nó Gníomhaireachtaí eile mar aon le cuntas ar na bearta a chaithfimid a dhéanamh le go mbeidh cur chuige comhaontaithe againn.

Bainistiú Acmhainní Daonna

Aithníonn na Roinn gur mór an acmhainn aici buanna a cuid foirne agus í ag comhlíonadh a dualgais maidir le bainistiú a hacmhainní daonna. Tá sé ar intinn againn géilleadh go hiomlán dár ndualgais de thoradh na gComhaontaithe éagsúla Comhpháirtíochta, leis na geallta a thugamar maidir leis na tionscnaimh éagsúla faoin Tionscnamh Bainistíochta Straitéisí agus leis na caighdeáin cleachtais fostaíochta is fearr ar fud sa Státseirbhíse. Tá 1,200 ball foirne againn scaipthe ar fud an domhain agus leanfaimid orainn ag athbhreithniú agus ag feabhsú ár mbeartas, ár gcleachtas agus ár Straitéis um Bhainistiú Acmhainní Daonna chun an barrfheabhas a chur ar fheidhmiú agus comhlíonadh gairmiúil ár bhfoirne.

Tógfaimid ar na cláir oiliúna ata againn cheana féin atá dírithe ar ár bpríomhchuspóirí gnó mar chuid de na hiarrachtaí atá ar siúl again i gcónaí le feabhas a chur ar fhorbairt agus feidhmiú foirne. Lena chois sin cuirfear tuilleadh oiliúna ar fáil don fhoireann maidir leis an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Gníomhúcháin, déanfar dlúthchuid d'ár gcóras bainistithe acmhainní daonna de agus cuirfear an CBFG i bhfeidhm go córasach ar fud na Roinne go léir. Leanfar de gnéithe éagsúla den bheartas i leith Acmhainní Daonna a fhorbairt i gcomhar leis an bhfoireann agus is faoi stiúradh an Choiste Comhairleach Bainistíochta a dhéanfar é sin.

DÍLÁRÚ

Faoi chlár díláraithe an Rialtais, tá Stiúrthóireacht um Chomhoibriú Forbartha n Roinne Gnóthaí Eachtracha, atá mar Cheanncheathrú Chúnamh Éireann, ag dílárú go Luimneach. De réir chead ón Roinn Airgeadais, tá líon iomlán na bpost atá le dílárú go Luimneach socraithe ag 138.

Tá dul chun cinn maith déanta agus tá baill foirne sainithe nó aitheanta cheana féin le haghaidh 112 post nó thart ar 81% den 138 post atá beartaithe le dílárú go Luimneach. Is é atá sa 26 phost atá fágtha ná na gráid Saineolaithe Forbartha do chuid is mó.

Tá grúpa tosaigh de 60 oifigeach díláraithe cheana féin agus iad imithe go hoifigí sealadacha i Luimneach i 2007. Meastar go mbogfaidh an chuid eile d'fhoireann Chúnamh Éireann go Luimneach i bhfómhar 2008, nuair a bheidh na hoifigí buana nua críochnaithe agus feistithe.

Tá straitéisí curtha i bhfeidhm cheana féin le cinntiú go mbeifear in ann feidhmiú go héifeachtach agus seirbhísí a sholáthar le linn tréimhse an athruithe agus nuair a bheidh an dílárú déanta.

Luach ar Airgead

Is é an aidhm atá againn na acmhainní na Roinne a úsáid go héifeachtach chun ár gcuspóirí straitéiseacha a bhaint amach agus luach ar airgead a fháil maidir le cláir agus le caiteachas riaracháin. Bíonn dúshláin faoi leith le sárú de bharr na caoi a bhfuil an Roinn ag plé le réimse mhór tíortha agus go mbíonn caiteachas measartha beag le déanamh ina lán áiteanna éagsúla ar fud an domhain ach beidh sé ar ár gcumas aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin.

Beidh iarrachtaí luach a fháil ar airgead ina ndlúthchuid d'obair na Roinne as seo amach agus béim níos mó á chur air i gcónaí. Chuige sin bhunaigh an Roinn Aonad Bainistithe Soláthair atá freagrach as cur chuige straitéiseach a chur chun cinn maidir le luach ar airgead a fháil trí chinntiú go bhfuil prionsabail luach ar airgead ina ndlúthchuid de phróisis bhainistithe na Roinne; trí Phlean Corparáideach um Sholáthar Bliantúil a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm; agus na cleachtais soláthair agus bainistiú tionscadal is fearr a chur chun cinn sa Roinn.

Leanfaimid ar aghaidh ag déanamh Athbhreithnithe faoi leith maidir le luach a fháil ar airgead sna réimsí sin ina gcaitear a lán airgid. Críochnófar agus foilseofar dhá athbhreithniú den sórt sin go luath sa tréimhse lena mbaineann an Ráiteas Straitéise seo - baineann ceann acu leis an tSeirbhís Pasanna agus ceann eile leis an gcaiteachas le VEID/SEIF a throid sna tíortha atá i mbéal forbartha. Cuireann athbhreithnithe maidir le luach ar airgead agus meastacháin neamhspleácha eile le freagrúlacht agus le foghlaim.

Aithneoimid réimsí eile caiteachais le linn 2008 a bhainfidh le dhá Vóta na Roinne ar a ndéanfar a leithéid d'athbhreithnithe sna blianta atá romhainn. Bainfear leas as an obair sin, agus as an Athbhreithniú Éifeachtúlachta a dhéanfar go luath i 2008, le leanúint ar aghaidh ag cur feabhais ar bheartais agus ar thorthaí gnó sa Roinn agus le cinntiú gur féidir obair na Roinne a chur i gcomparáid leis an gcleachtas is fearr sa tSeirbhís Phoiblí agus go hidirnáisiúnta.

Lena chois sin leanfar den chlár forleathan iniúchtaí ar ár Misin thar lear gach bliain. Déanfar roinnt mhór oibre iniúchta freisin i gcomhar lenár gcomhpháirtithe a fhaigheann maoiniú cúnaimh forbartha. Leanfaidh Coiste neamhspleách Measúnaithe ar aghaidh i mbun maoirseoireachta ar Aonad Measúnaithe agus Iniúchta na Roinne.

Ceann de na príomhfhadhbanna ata le réiteach ag an Roinn agus 75 oifig aici scaipthe ar fud an domhain is ea cinntiú go bhfuil an eagraíocht go léir comhleanúnach agus éifeachtach. Beidh ról tábhachtach ag ár gcóras cigireachta inmheánaí maidir le haghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin. Coinneoidh an Roinn clár rialta córasach de chuairteanna cigireachta chun na Misean thar lear le linn shaolré an Ráiteas Straitéise seo le cabhrú le cinntiú go dtacaíonn a gcuid oibre chomh héifeachtach agus is féidir le baint amach spriocanna agus cuspóirí na Roinne, le cinntiú go bhfuil go leor acmhainní acu don obair agus go bhfuil a gcórais bhainistíochta agus a nósanna imeachta cumasach agus éifeachtach.

Tá réimse beart curtha i bhfeidhm ag an Roinn faoin gCreat Faisnéise Bainistíochta (MIF) le bearta airgeadais níos éifeachtúla a chinntiú mar aon le leas níos éifeachtaí a bhaint as acmhainní, agus le cabhrú maidir le cinntí a dhéanamh faoi leithdháileadh acmhainní. Déanfaimid dul chun cinn breise sna réimsí sin go léir nuair a chuirfear i bhfeidhm na cuspóirí atá fágtha i bPlean Thionscadal MIF.

Caithfimid cinntiú agus muid ag iarraidh luach a fháil ar airgead gur féidir linn tosaíochtaí beartais an Rialtais a bhaint amach. Leagann an Ráiteas Straitéise síos táscairí feidhmíochta lenar féidir an dul chun chinn maidir lenár gcuspóirí a bhaint amach a mheas agus cabhróidh sé sin agus Ráiteas Bliantúil Aschuir na Roinne go mór le feabhas a chur ar leithdháileadh acmhainní le haghaidh tosaíochtaí gnó sna blianta atá romhainn.

Seirbhísí do Chustaiméirí

Tá réimse mhór custaiméirí inmheánacha agus seachtracha ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha:

- Saoránaigh in Éirinn agus thar lear
- Sealbhóirí Pas
- Lucht gnó na hÉireann
- Ranna Rialtais
- Gníomhaireachtaí Stáit
- Rialtais Eile
- An Cór Taidhleoireachta atá creidiúnaithe d'Éirinn
- Eagraíochtaí Idirnáisiúnta
- Eagraíochtaí Neamhrialtasacha (NGOanna)

Táimid tiomnaithe fós do sheirbhísí den chaighdeán is airde a sholáthar dár gcustaiméirí go léir sa bhaile agus thar lear, de réir phrionsabail na Seirbhísí Ardchaighdeáin Custaiméara atá

faofa ag an Rialtas. Samplaí praiticiúla dár seirbhís do chustaiméirí is ea an gealladh a thugaimid do dhaoine a úsáideann Seirbhís na bPasanna Luais go bhfaighidh siad a bpasanna laistigh de deich lá oibre, go ndéanfar cáipéisí oifigiúla a dhearbhú an lá céanna, agus go gcuirtear seirbhísí iar-ama ar fáil sa tráthnóna agus le linn na deireadh seachtaine in Éirinn agus thar lear dóibh siúd a bhfuil pasanna ag teastáil uathu go práinneach.

Léiríonn ár bPlean Gníomhaíochta maidir le Seirbhís do Chustaiméirí an bealach praiticiúil atá againn déanamh mar a gealladh i gCairt na Roinne do Chustaiméirí. Tá siad araon le fáil ar láithreán gréasáin na Roinne.

Is é beartas an Rialtais go gceapfar beartais ar bhunús fianaise agus ar an ábhar sin déanfaimid Anailís ar Thionchar Rialúcháin (RIA) agus bainfimid leas as ár sonraí staitistiúla nuair atá reachtaíocht phríomhúil molta nó ionstraimí suntasacha reachtúla á n-ullmhú. I dteannta le hAonad an Rialtais um Rialúchán Níos Fearr, cuirfimid i bhfeidhm straitéis atá dírithe ar feabhas a chur ar fheasacht RIA a dhéantar i dtaobh reachtaíocht agus beartais a cheapadh ag leibhéal AE.

Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)

Má tá na spriocanna gnó le baint amach ní mór na teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide a chur ar fáil go straitéiseach i líonra oifigí na Roinne.

Caitheadh mórchuid airgid le blianta beaga anuas ag forbairt bonneagair TFC na Roinne. Aithníodh na dúshláin ar ghá don Roinn aghaidh a thabhairt orthu agus na deiseanna ar féidir léi a thapú ina Straitéis TFC 2007-2010. Díreofar go príomha sa tréimhse atá romhainn ar cheisteanna maidir le bainistiú éifeachtach faisnéise agus riachtanais gluaiseachta.

Déanfaimid iarracht sna trí bliana seo chugainn an leas is fearr a bhaint as ár láithreán gréasáin mar phríomhfhoinse faisnéise faoi bheartas eachtrach na hÉireann, caidrimh chonartha na hÉireann, seirbhísí do shaoránaigh na hÉireann agus do shaoránaigh tíortha eile a bhfuil spéis acu in Éirinn.

Iarscríbhinn

Ceisteanna Tras-Ranna

Saincheist	Ranna Eile/ Gníomhaíochtaí Bainteacha	Gníomh atá ag Teastáil ón Roinn Gnóthaí Eachtracha
Caidrimh Idirnáisiúnta		
Síocháin agus Slándáil Idirnáisiúnta Réiteach Coinbhleachta Riail an Dlí Dúshláin Domhanda	Na Ranna Rialtais bainteacha go léir, go háirithe an Roinn Cosanta; An Roinn Dlí, Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí (D/JELR); An Roinn Airgeadais; Oifig an Ard-Aighne	Rannpháirteachas na hÉireann in iarrachtaí um choimeád na síochána go hidirnáisiúnta a fhorbairt. Comhordú a dhéanamh ar rannpháirtíocht na hÉireann in oibríochtaí daonnúla agus síocháiníochta faoi réir údarú na NA, cinneadh an Rialtais agus cead na Dála. Cur chuige comhordaithe a fhorbairt maidir le ceisteanna trasrannacha a thagann chun cinn i bhfóraim na NA Comhordú a dhéanamh ar dhaingniú choinbhinsiúin na NA agus cur i bhfeidhm Rún Chomhairle Slándála na NA sna Ranna go léir
Cearta an Duine	Na Ranna Rialtais go léi, go háirithe An Roinn Dlí, Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí; An Coiste Comhairliúcháin um Chiníochas agus idirchultúrachas agus An Coimisiún um Chearta an Duine in Éirinn	Cinntiú go gcuirtear i bhfeidhm gealltanais na hÉireann maidir le cearta an duine.
Comhoibriú Forbartha Idirnáisiúnta		
Laghdú Bochtaineachta	An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia; an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil; an Roinn Sláinte agus Leanaí; an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta	Leanúint ar aghaidh ag obair i gcomhar le Ranna bainteacha eile le Spriocanna Forbartha na Mílaoise a bhaint amach.
Forbairt Inbhuanaithe	An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil	Forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn i mbeartas náisiúnta agus idirnáisiúnta

Saincheist	Ranna Eile/ Gníomhaíochtaí Bainteacha	Gníomh atá ag Teastáil ón Roinn Gnóthaí Eachtracha
Freagra a thabhairt ar éigeandálacha daonnúla	An Roinn Cosanta agus Ranna Rialtais bainteacha eile	Feidhmiú éifeachtach an Tionscnaimh Mhearfhreagartha, lena n-áirítear imscaradh bhaill an Chóir Mhearfhreagartha agus soláthairtí daonnúla a chur in áit roimh ré.
Cúnamh Éireann agus ceisteanna forbartha a chur chun cinn	An Roinn Oideachais agus Eolaíochta	Comhordú a dhéanamh ar ábhair
An tAontas Eorpach		
Leas na hÉireann a chur ar aghaidh san AE	Na Ranna go Léir	Oibriú i gcomhar le Ranna eile le cinntiú go mbeidh cuir chuige éifeachtach comhleanúnach ann ag an AE
Tuiscint an phobail ar an AE a dhoimhniú	Na Ranna go Léir, Fóram Náisiúnta ar an Eoraip	Tacú le hobair an Fhóraim Náisiúnta ar an Eoraip agus eagraíochtaí eile chun spéis an phobail a mhúscailt i gceisteanna na hEorpa agus le dul i ngleic leo.
Caidreamh Thuaisceart Éireann agus Caidreamh Angla-Éireannach	Na Ranna Rialtais go léir go háirithe Roinn an Taoisigh agus an Roinn Dlí, Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus gníomhaireachtaí bainteacha eile; Comhchoiste um Feidhmiú Chomhaontú Aoine an Chéasta	Páirt ghníomhach a ghlacadh sa Chomhairle Airí Thuaidh/Theas, Comhairle na Breataine-na hÉireann, agus i gComhdháil Idir-Rialtasach na Breataine-na hÉireann
Comhoibriú neartaithe Thuaidh/Theas	Na Ranna Rialtais ábhartha go léir	Oibriú i gcomhar le Ranna Rialtais maidir le cur i bhfeidhm gnéithe uile-oileáin den Phlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013, agus cur i bhfeidhm pleananna infheistíochta Thuaidh/Theas a socraíodh

Saincheist	Ranna Eile/ Gníomhaíochtaí Bainteacha	Gníomh atá ag Teastáil ón Roinn Gnóthaí Eachtracha
Caidreamh déthaobhach na hÉireann le tíortha eile a chur chun cinn, cur lenár stádas cultúrtha thar lear agus ár leas eacnamaíoch a chur chun cinn.	Áras an Uachtaráin, na Ranna agus na hOifigí Rialtais agus na Gníomhaireachtaí Stáit go léir	Turais ardchaighdeáin thar lear a bheidh dírithe ar spriocanna áirithe a eagrú don Uachtarán, an Taoiseach agus Airí eile mar aon le cuairteanna Ceann Stát agus Rialtas ar Éirinn Gnéithe eacnamaíocha na dturas a uasmhéadú Clár córasach de chuairteanna Airí na hÉireann ar ár gcomhpháirtithe san AE agus de theagmhálacha rialta leo agus le tíortha eile a bhfuil sainleas polaitiúil, eacnamaíoch agus cultúrtha ag baint leo a fhorbairt Páirt ghníomhach a ghlacadh sa Ghrúpa Ardleibhéil ar Straitéis na hÁise agus sa Ghrúpa Idir-Rannach um Rochtain an Mhargaidh le haghaidh Bia agus Deochanna
Seirbhísí d'Eisimircigh; Seirbhísí Consalachta Comhordú a dhéanamh ar an tacaíocht d'eagraíochtaí Éireannacha a thugann leas d'imircigh leochaileacha Éireannacha agus oibriú i gcomhar le heagraíochtaí deonacha a chabhraíonn leo. Ceisteanna Víosa	Ranna Éagsúla An Roinn Dlí, Cirt, Comhionannais & Athchóirithe Dlí; an Roinn Fiontar Trádála & Fostaíochta	Oibriú i gcomhar leis na Ranna agus na gníomhaireachtaí ábhartha Rialtais go léir a chuireann seirbhísí ar fáil a bhfuil tionchar acu ar imircigh Cinntiú go mbeidh comhoibriú éifeachtach ann maidir le víosaí agus víosaí oibre/cúrsaí údaraithe